

2021

Cód Cleachtais le haghaidh
Ceapacháin i bPoist sa
Státseirbhís agus sa
tSeirbhís Phoiblí



An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Réamhfhocal	1
1. An Cód Cleachtas	3
1.1 An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	3
1.2 Cathain a bhfuil feidhm leis an gCód Cleachtas?	4
1.3 An Cód Cleachtas	4
1.4 Cuir i bhfeidhm an Chóid agus aon imthosca sonracha	5
1.4.1 Ceapacháin ghearrthéarmacha éigeandála in FSS.....	6
1.4.2 Ceapacháin ghearrthéarmacha shonracha ag grád níos airde	7
1.4.3 Próisis rannóige atá teoranta do ghrúpa sonracha iarrthóirí	8
1.4.4 Feachtas Sonrach le haghaidh daoine faoi mhíchumas	9
1.4.5 Próisis roghnúcháin ina bhfuil freagrachtaí á roinnt ag níos mó ná comhlacht amháin	10
1.5 Monatóireacht ar chur chun feidhme an chóid	11
1.6 Cur isteach ar an bpróiseas earcaíochta.....	11
1.7 Tuilleadh comhairle agus faisnéise.....	11
2. Prionsabail earcaíochta	12
2.1 Ionracas	12
2.2 Ceapacháin déanta ar bhonn fiúntais.....	12
2.3 Próiseas ceapacháin atá ar aon dul le dea-chleachtas	13
2.4 Próiseas ceapacháin chothroim atá curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach.....	13
2.5 Ceapacháin déanta ar bhealach oscailte, cuntasach agus trédhearcach.....	13
2.6 Ceapacháin a spreagann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú	14
2.7 Cur i bhfeidhm na bprionsabal	14
2.7.1 Cód Cleachtas.....	14
2.7.2 Ceadúnais earcaíochta	14
2.7.3 Pleanáil an phróisis roghnúcháin.....	14
2.7.4 Sonraíochtaí poist agus duine agus creataí inniúlachta	15
2.7.5 Iarrthóirí a mhealladh	16

2.7.6	Modheolaíochtaí measúnaithe	16
2.7.7	Boird roghnúcháin	17
2.7.8	Scagadh cáilitheachta	17
2.7.9	Cumarsáid	18
2.7.10	Aiseolas	18
2.7.11	Iarratais ar athbhreithniú agus gearáin atá ag líomhain sárú an Chód Cleachtas	18
2.7.12	Oiliúint.....	18
2.7.13	Córais bhainistíochta agus dearbhú cáilíochta	19
2.7.14	Doiciméid	19
2.7.15	Rúndacht	20
2.7.16	Comhionannas	20
2.8	Ceanglais reachtacha	20
Rannóg 3:	Iniúchadh ar bheartais agus ar chleachtas earcaíochta	22
3.1	An seasamh dlí.....	22
3.2	Cur i bhfeidhm na feidhme iniúchta	22
3.2.1	Cuspóir an phróisis iniúchta.....	22
3.3	Nósanna imeachta iniúchta	22
3.3.1	Iniúchtaí a reáchtáil	23
3.3.2	Foilsíú tuarascálacha i ndiaidh iniúchta	23
4.1	Freagracht as cur i bhfeidhm prionsabal earcaíochta	24
4.2	Cuntasacht le haghaidh cinntí earcaíochta	24
4.3	Freagracht iarrthóirí	25
4.3.1	Canbhasáil	25
4.3.2	Oibleagáidí iarrthóirí	25
4.3.3	Pionóis i ndáil le teip an Chóid Chleachtas a chomhlíonadh	25
5.	Nósanna imeachta athbhreithnithe agus gearáin	27
5.1	Forléargas	27
5.2	Iarratais ar athbhreithniú	27

5.3	Gearáin maidir leis an bpróiseas roghnúcháin	28
5.4	Rogha a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart athbhreithniú a lorg nó gearán a dhéanamh	28
5.5	Imthosca eisceachtúla	28
5.6	Aiseolas	29
5.7	Lánrogha an Choimisiúin i ndáil le gearáin a phróiseáil	29
6.	Gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh	30
6.1	Eolas ginearálta	30
6.2	Nósanna imeachta chun gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh/a phróiseáil	30
6.2.1	Amfrámaí	31
6.2.2	Scrúdú an ghearáin	31
6.2.3	An t-ionadaí	32
6.2.4	An cinneadh	32
7.	Athbhreithniú ar chinneadh a lorg	33
7.1	Eolas ginearálta maidir le cinneadh roghnúcháin a athbhreithniú	33
7.2	Nósanna imeachta chun athbhreithniú a lorg	33
7.2.1	Amfrámaí	33
7.2.2	Iarratais ar athbhreithniú	34
7.2.3	Ról an athbhreithneora	34
7.2.4	An t-athbhreithniú	35
7.2.5	Toradh a fhógairt	35
7.2.6	Doiciméid	36
7.3	Eisiamh ó ghearán eile a dhéanamh faoi rannóg 8	36
8.	Gearán a dhéanamh	37
8.1	Eolas ginearálta maidir le gearán a dhéanamh	37
8.2	Nós imeachta chun gearán a dhéanamh	38
8.2.1	Amfráma	38
8.2.2	Sárú an Chóid Cleachtais	38
8.2.3	Gearán	38

8.2.4	Ról an scrúdaitheora	39
8.2.5	Scrúdú an ghearáin	39
8.2.6	Toradh a fhógairt	40
8.2.7	Cinneadh a achomharc	41
8.2.8	Doiciméid	41
8.3	Achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin	41
8.3.1	Amfráma	41
8.3.2	Achomharc a dhéanamh	41
8.3.3	Nósanna imeachta chun achomharc a chur i gcrích	42
8.3.4	Toradh an achomhairc	42
8.3.5	Athbhreithniú breithiúnach	43
9.	Iompar míréasúnta	44
9.1	Réamhrá	44
9.2	Cineálacha iompair a nglactar leo mar “iompar míréasúnta”	44
9.3	Gníomh a dhéanamh in aghaidh iompar míréasúnta custaiméara	44
9.4	Nós imeachta chun iompar míréasúnta a bhainistiú	44
9.5	Ceart achomhairc.....	45
10.	Freagracht Aireachta.....	45
	Aguisíní.....	46
	Aguisín A - Poist eisiata	46
	Aguisín B - Sainmhíniú ar théarmaí	47

Réamhfhocal

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar an 19 Deireadh Fómhair 2004 faoi Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. Is é an Coimisiún an príomhrialtóir earcaíochta agus roghnúcháin i seirbhís phoiblí na hÉireann. Is é ról an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil aon duine a cheaptar i bpost atá á mhaoiniú go poiblí á cheapadh go cothrom, go trédhearcach agus ar bhonn fiúntais.

Tá gach próiseas ceapacháin a bhaineann le poist a thagann laistigh de théarmaí tagartha an Achta faoi réir an Chóid Cleachtais seo. Nuair a bhíonn ceapachán á dhéanamh, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí¹, faoin Acht, próiseas roghnúcháin iomlán, bunaithe ar fhiúntas a chur i gcrích, de réir an chóid.

Sonraítear sa chód sé phríomhphrionsabal earcaíochta le haghaidh próiseas roghnúcháin cothrom. Sonraítear ann freisin na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo, nuair a bhíonn na prionsabail seo á gcur i bhfeidhm, ag gach céim den phróiseas roghnúcháin. Seo a leanas na sé phríomhphrionsabal earcaíochta:

1. Ionracas
2. Fiúntas
3. Dea-chleachtas
4. Comhsheasmhacht
5. Trédhearcacht
6. Ceapacháin a spreagann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

Chomh maith leis sin, bunaíonn an cód nósanna imeachta don Choimisiún chun iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí earcaíochta agus roghnúcháin sealbhóirí ceadúnais² agus foráiltear le haghaidh meicníochtaí oiriúnacha athbhreithnithe agus achomhairc, le haghaidh ócáidí nuair, i ndiaidh próiseas roghnúcháin, nach bhfuil iarrthóir sásta.

Tá an Coimisiún airdeallach ar an éagsúlacht a bhaineann le ceapacháin sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá an Coimisiún airdeallach chomh maith céanna ar an bpointe go mbíonn gá le cuir chuige difriúla go minic, chun freastal ar mhéid nó nádúr sonrath ceapacháin. Dá réir sin, tá sé beartaithe go mbeidh an cód seo ag feidhmiú mar chreat

¹ Is ionann comhlacht poiblí sa chás seo, agus in aon chás eile, agus comhlachtaí státseirbhíse nó poiblí, a thagann faoi théarmaí tagartha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

² Is ionann sealbhóir ceadúnais sa chás seo, agus in aon chás eile, agus comhlacht poiblí a bhfuil ceadúnas earcaíochta bronnta air, faoi alt den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

ardleibhéil, prionsabalbhunaithe, ónar féidir le comhlachtaí poiblí a nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin inmheánacha féin a roghnú. Cloífidh na nósanna imeachta seo leis na prionsabail agus caighdeáin atá sonraithe, ach beidh siad dírithe go sonracha ar a gcuid riachtanas

1. An Cód Cleachtais

1.1 An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar an 19 Deireadh Fómhair 2004 faoi Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 (an tAcht). Is é an Coimisiún an príomhrialtóir earcaíochta agus roghnúcháin i seirbhís phoiblí na hÉireann. Is é ról an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil ceapacháin ar phoist laistigh den státseirbhís agus seirbhís phoiblí, a bhaineann lena théarmaí tagartha, á ndéanamh go cothrom, go trédhearcach agus ar bhonn fiúntais.

Tá cúigear ball ceaptha ag an gCoimisiún, mar atá sonraithe san Acht. Is iad seo a leanas na baill:

- Cathaoirleach Dháil Éireann
- Ard-Rúnaí an Rialtais
- Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Airgeadais
- Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
- An tOmbudsman

Is é ról an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil ceapacháin i bpoist atá á maoiniú go poiblí á ndéanamh go cothrom agus go trédhearcach. Chun é seo a dhéanamh, tá sé freagrach as roinnt príomhphrionsabal earcaíochta a bhunú nach mór cloí leo nuair a bhíonn próiseas roghnúcháin á chur i gcrích. Tá siad seo sonraithe sa Chód Cleachtais. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as a chinntiú go bhfuil gach duine a bhfuil an Cód Cleachtais á chur i bhfeidhm acu tiomanta i gcónaí do na prionsabail atá sonraithe ann.

Seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choimisiúin:

- Dea-chleachtas earcaíochta a shonrú agus a chur chun cinn
- A Chód Cleachtais a fhoilsiú
- Ceadúnais earcaíochta a eisiúint
- Cur síos a dhéanamh ar conas gearán a dhéanamh nó cinneadh a athbhreithniú
- Gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe na gcód a scrúdú
- A chinntiú go bhfuil an cód á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí
- Earcaíocht agus roghnúchán i gcomhlachtaí poiblí a iniúchadh
- Cabhrú le comhlachtaí poiblí agus iad a threorú

1.2 Cathain a bhfuil feidhm leis an gCód Cleachtais?

Forálann Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 (an tAcht) an creat rialála le haghaidh earcaíocht chothrom, thrédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas sa tseirbhís poiblí. Sa chás go gceanglaítear ceapachán a dhéanamh i ndáil le post ar leith faoi théarmaí an Achta, tá sé faoi réir Chód Cleachtais an Choimisiúin.

Tá ceapacháin sna hearnálacha seo a leanas faoi réir an chóid:

- Poist sa Státseirbhís
- Poist áirithe in An Garda Síochána
- Poist in údaráis áitiúla lena mbaineann [Acht Údaráis Áitiúla 1926](#)
- Poist i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Poist i Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Poist i gcomhlachtaí poiblí áirithe³

1.3 An Cód Cleachtais

Sonraítear sa chód na prionsabail agus na caighdeáin nach mór cloí leo ag gach céim den phróiseas roghnúcháin. Sonraítear ann na meicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc atá ar fáil d'iarrthóirí, sa chás go bhfuil siad míshásta le próiseas roghnúcháin. Sonraítear ann freisin an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis ó iarrthóirí i rith próiseas roghnúcháin mar aon le feidhm iniúchta an Choimisiúin.

D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad Chód Chleachtais in 2004. Rinneadh iad a athbhreithniú agus a atheisiúint in 2007 agus 2016. Reáchtáladh an t-athbhreithniú is déanaí i rith 2020, tráth ar cónascadh cúig chóid reatha an Choimisiúin in aon chód amháin. Tá fianaise le fáil sa chód athbhreithnithe ar an aiseolas a fuarthas trí chomhairliúchán le comhlachtaí poiblí, breathnóireachtaí ón bpobal i gcoitinne agus torthaí an Choimisiúin nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar ghearáin ina bhfuil cleachtas éagothrom á líomhain nó ina bhfuil a fheidhm iniúchta á cur i gcrích.

Nuair a bhí a chód á dhréachtú ag an gCoimisiún bhí sé airdeallach ar an éagsúlacht a bhaineann leis na ceapacháin a rinneadh sa státseirbhís agus sa tseirbhís poiblí. Cuirtear san áireamh go bhfuil gá le cuir chuige difriúla go minic, chun freastal ar mhéid nó nádúr sonrath ceapacháin. Dá réir sin, dréachtaíodh an cód mar chreat ardleibhéil, prionsabalbhunaithe, ónar féidir le comhlachtaí poiblí a nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin inmheánacha féin a roghnú. Cé go bhfuil comhlachtaí poiblí freagrach as a

³ Sa chás go sonraítear i reachtaíocht rialaithe comhlacht poiblí go mbeidh baill foirne an chomhlachta sin á n-earcú faoi réir fhorálacha an Achta

nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin féin, ba cheart gur próisis deartha uilíoch de Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CEC) a bheadh iontu de réir a n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí.* Ba cheart go gcloífeadh nósanna imeachta áitiúla leis na prionsabail agus caighdeáin atá sonraithe, ach go mbeidís dírithe go sonrach ar a gcuid riachtanas.

**Soláthraítear sa doiciméad CC le haghaidh comhlachtaí poiblí ar shuíomh gréasáin CPSCA comhairle agus dea-chleachtas ó NDA maidir le próisis earcaíochta agus roghnúcháin atá deartha go huilíoch a fhorbairt agus a chur chun feidhme*

Tá príomhchuid an Chóid eagraithe mar seo a leanas.

- Rannóg 2: Sainmhínte maidir le prionsabail uile an Chóid agus samplaí dá léirmhíniú agus cur chun feidhme i ndáil leis an bpróiseas ceapacháin
- Rannóg 3: Sonraí maidir le conas a oibríonn feidhm iniúchta an Choimisiúin
- Rannóg 4: Sonraí maidir le freagracht agus cuntasacht
- Rannóg 5: Forléargas ar na próisis athbhreithnithe agus gearán
- Rannóg 6: Nós imeachta chun gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh agus a phróiseáil
- Rannóg 7: Nós imeachta chun iarratais ar athbhreithniú ar chinneadh a dhéanamh agus a phróiseáil
- Rannóg 8: Nós imeachta chun gearáin atá ag líomhain teipeanna i gcomhthéacs an Chóid a chomhlíonadh a dhéanamh agus a phróiseáil
- Rannóg 9: Iompar míréasúnta custaiméirí agus conas ba cheart é a bhainistiú
- Rannóg 10: Achoimre ar fhreagrachtaí aireachta.

Lena chois sin, tá tuilleadh sonraí le fáil in Agusín A maidir le poist nach mbaineann an Cód seo leo agus tá sainmhínte le fáil in Agusín B maidir le roinnt téarmaí sonracha a úsáidtear sa Chód seo

1.4 Cuir i bhfeidhm an Chóid agus aon imthosca sonracha

Baineann an cód seo le gach ceapachán⁴ a bhaineann le poist atá á maoiniú go poiblí, mar atá sonraithe thuas. Nuair a bhíonn ceapachán á dhéanamh, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí:

⁴ Ciallaíonn 'ceapachán' folúntas a líonadh trí phróiseas roghnúcháin seachtrach oscailte nó trí phróiseas inmheánach ardaithe céime. Más ardú céime inmheánach atá i gceist, níl feidhm leis an gcód ach amháin má tá pá níos airde agus freagracht bhreise i gceist leis an ról. Ní bhaineann siad le haistrithe nó iasachtaithe inmheánacha.

1. Próiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá cothrom, trédhearcacht, bunaithe ar fhiúntas agus deartha go huilíoch a chur i gcrích
2. Cloí leis na prionsabail agus caighdeáin atá sonraithe
3. Foráil a dhéanamh le haghaidh na meicníochtaí athbhreithnithe agus gearán atá sonraithe

Cé go mbeidh formhór na gceapachán faoi réir chomhlíontacht iomlán an chóid, i líon beag imthosca sonracha, féadfar forálacha nó ceanglais áirithe a tharscaoileadh. Ina theannta sin, in imthosca áirithe, beidh ceanglais bhreise le comhlíonadh ag comhlacht poiblí.

Chomh maith leis sin, bíonn an Coimisiún ag súil leis go mbeidh próiseas roghnúcháin ionchuimsitheach á reáchtáil sna himthosca seo.

Tá na himthosca sonracha seo luaite thíos.

Próisis rannóige atá teoranta do ghrúpa sonrach iarrthóirí

1.4.1 Ceapacháin ghearrthéarmacha éigeandála in FSS

Tuigeann an Coimisiún go mb'fhéidir go mbeadh ar FSS ceapacháin ghearrthéarmacha éigeandála a dhéanamh uaireanta chun déileáil le riachtanais chriticiúla. Tarlaíonn sé seo má theastaíonn comhaltaí foirne criticiúla ar bhonn práinne, agus go gcuirfeadh reáchtáil próiseas roghnúcháin iomlán isteach go suntasach ar chumas FSS a feidhmeanna a chur i gcrích.

Sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil riachtanas criticiúil ann, beidh FSS díolmhaithe ó phróiseas roghnúcháin iomlán, bunaithe ar fhiúntas a chur i gcrích, de réir gach ceann de na céimeanna atá sonraithe i rannóg 2 den chód.

Cé go mbeidh an Coimisiún ag súil leis go mbeidh fianaise ar chumas dualgais agus freagrachtaí an róil a chomhlíonadh go héifeachtach léirithe ag aon duine a cheapfar i bpost dá leithéid, ceadóidh sé do FSS an líon céimeanna sa phróiseas roghnúcháin a laghdú.

Ní mór do FSS, áfach:

- 1) Aon cheapachán a dhéantar chun déileáil le riachtanas criticiúil faoin rannóg seo den chód a dhoiciméadú ina iomláine
- 2) Cás gnó bhailí a dhoiciméadú agus a choimeád chun ceapachán a dhéanamh faoin rannóg seo den chód
- 3) A chinntiú go bhfuil an cinneadh ceapachán a dhéanamh faoin rannóg seo den chód ceadaithe ag leibhéal sinsearach oiriúnach, roimh an gceapachán

- 4) A bheith in ann a léiriú go bhfuil an duine/na daoine ceaptha cáilithe go cuí agus oiriúnach don ról
- 5) A chinntiú go bhfuil tréimhse an cheapacháin teoranta don mhéid ama a theastaíonn chun clúdach criticiúil a sholáthar. Sa chás go dteastaíonn clúdach ar bhonn níos fadtéarmaí, ní mór próiseas roghnúcháin iomlán a chur i gcrích, de réir na bprionsabal agus na gcaighdeán atá sonraithe i rannóg 2 den chód

Tá aon cheapacháin ghearrthéarmacha éigeandála a dhéantar faoin rannóg seo den chód faoi réir na meicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc atá sonraithe i rannóg 5 - 8, mar is iondúil.

1.4.2 Ceapacháin ghearrthéarmacha shonracha ag grád níos airde

D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta ann nuair is gá do chomhlacht poiblí duine a cheapadh i bpost gearrthéarmach sonracha ag grád níos airde, gan mhoill. 'Ceapachán gníomhach' a thugtar air seo go minic. Tá an Coimisiún airdeallach ar an bpointe, i gcásanna dá leithéid, go gcuirfeadh réachtáil próiseas roghnúcháin de réir an chóid moill ar cheapachán, agus go mbeadh tionchar suntasach ag a leithéid ar chumas comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil gá le ceapachán gearrthéarmach sonracha ag grád níos airde, le haghaidh tréimhse níos lú ná 6 mhí, beidh an comhlacht poiblí díolmhaithe ó phróiseas roghnúcháin iomlán a chur i gcrích, de réir gach ceann de na céimeanna atá sonraithe i rannóg 2 den chód.

Cé go mbeidh an Coimisiún ag súil leis go mbeidh fianaise ar chumas dualgas agus freagrachtaí an ról a chomhlíonadh go héifeachtach léirithe ag aon duine a cheapfar i bpost dá leithéid, ceadóidh sé don chomhlacht poiblí an líon céimeanna sa phróiseas roghnúcháin a laghdú.

Ní mór don chomhlacht poiblí an méid seo a leanas a dhéanamh, áfach:

- 1) Aon cheapachán gearrthéarmach sonracha a dhéantar faoin rannóg seo den chód a dhoiciméadú ina iomláine
- 2) Cás gnó bhailí a dhoiciméadú agus a choimeád chun ceapachán a dhéanamh faoin rannóg seo den chód
- 3) A chinntiú go bhfuil aon chinneadh ceapachán a dhéanamh faoin rannóg seo den chód ceadaithe ag leibhéal sinsearach oiriúnach, roimh ré
- 4) A bheith in ann a léiriú go bhfuil an duine ceaptha cáilithe go cuí agus oiriúnach don ról
- 5) A chinntiú go bhfuil tréimhse an cheapacháin teoranta don mhéid ama a theastaíonn chun clúdach gearrthéarmach a sholáthar. Sa chás go dteastaíonn clúdach ar bhonn

níos fadtéarmaí, ní mór próiseas roghnúcháin iomlán a chur i gcrích, de réir na bprionsabal agus na gcaighdeán atá sonraithe

Tá aon cheapachán gearrthéarmach sonrath faoi réir na meicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc atá sonraithe i rannóg 5 - 8, mar is iondúil.

Níor cheart ceapacháin a dhéanamh faoin rannóg seo den chód ach chun déileáil le riachtanais ghearrthéarmacha. Más gá an ról a líonadh le haghaidh níos faide ná 6 mhí, nó go buan, ba cheart próiseas earcaíochta a reáchtáil mar is iondúil.

1.4.3 Próisis rannóige atá teoranta do ghrúpa sonrath iarrthóirí

Go ginearálta, tacaíonn an Cód Cleachtas le húsáid a bhaint as próisis roghnúcháin oscailte, deartha go huilíoch, ionchuimsitheacha agus neamhshriantacha. Tacaíonn sé seo le prionsabail na cothroime, an chomhionannais agus an cheapacháin bunaithe ar fhiúntas. Admhaíonn an Coimisiún, áfach, go bhféadfadh sé a bheith riachtanach, ó am go ham, próiseas ceapachán a reáchtáil atá teoranta do ghrúpa sonrath státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí - is é sin grúpa státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí ag a bhfuil téarmaí agus coinníollacha sonrath fostaíochta.

Faoin rannóg seo, d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh próiseas roghnúcháin a theorannú do ghrúpa iarrthóirí ar leith a cheadú más féidir leis an gcomhlacht poiblí an méid seo a leanas a léiriú:

- a) Ba cheart próiseas earcaíochta ionchuimsitheach a reáchtáil le haghaidh feachtas earcaíochta dá leithéid
- b) Ceanglaítear ar an bpróiseas roghnúcháin déileáil leis an gceist aitheanta, stairiúil agus/nó chórasach a bhaineann le cothromas i dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta
- c) Rinne an comhlacht iarrachtaí réasúnta déileáil leis an bhfadhb sular breithníodh próiseas roghnúcháin theoranta a reáchtáil, agus níos éirigh leis agus
- d) Ní bhunófar tosaíocht maidir le húsáid próiseas roghnúcháin theoranta chun déileáil le caidreamh tionsclaíoch nó díospóidí fostaíochta

Cé go bhféadfadh próiseas roghnúcháin a bheith teoranta, tá an Coimisiún fós ag súil leis go mbeidh cumas dualgas agus freagrachtaí an ról a chomhlíonadh go héifeachtach léirithe ag aon duine a cheapfar i bpost. Chuige seo, táthar ag súil go gcuirfidh an comhlacht poiblí próiseas roghnúcháin iomlán i gcrích de réir na gcéimeanna atá sonraithe i rannóg 2.

Ní mór don chomhlacht poiblí an méid seo a leanas a chinntiú:

- 1) Déantar doiciméadú iomlán agus coimeádtar cás gnó bhailí le haghaidh úsáid na gcritéar cáilitheachta sriantacha, chun críche an phróisis roghnúcháin nó chun srian a chur leis an bpróiseas roghnúcháin
- 2) Déantar aon chinneadh critéir cháilitheachta sriantacha a úsáid ag leibhéal sinsearach cuí, roimh an gceapachán

Tá aon cheapachán a dhéantar faoin rannóg seo faoi réir na meicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc atá sonraithe i rannóg 5 - 8 den chód, mar is iondúil.

1.4.4 Feachtas Sonrach le haghaidh daoine faoi mhíchumas

Sonraítear in Acht um Míchumas 2005 oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht seirbhíse poiblí gach beart réasúnta a dhéanamh chun, a mhéid agus is féidir, chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú lena leithéid. Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le míchumas in alt 2 d'Acht um Míchumas 2005:

‘Sriantacht shubstaintiúil maidir le cumas duine chun gairm, gnó nó slí bheatha a sheoladh sa Stát nó páirt a ghlacadh i saol sóisialach nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar mhallachar marthanach coirp, céadfa, meabhair-shláinte nó intleachta’

Chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, ceadaítear do chomhlacht poiblí, faoin rannóg seo den chód,

- a) An grúpa iarrthóirí a shrianadh do dhaoine faoi mhíchumas, mar atá sainmhínithe san Acht
- b) Aon chóiríocht bhreise oiriúnach a theastaíonn ó na hiarrthóirí a sholáthar chun cothromas inrochtaineachta agus cóireála i rith an phróisis roghnúcháin a chinntiú. Is féidir treoir agus comhairle NDA maidir le cóiríochtaí réasúnta a sholáthar a íoslódáil ag

<http://nda.ie/publications/employment/employment-publications/>

Cé go bhféadfadh próiseas roghnúcháin a bheith teoranta, tá an Coimisiún fós ag súil leis go mbeidh cumas dualgas agus freagrachtaí an ról a chomhlíonadh go héifeachtach léirithe ag aon duine a cheapfar i bpost. Chuige seo, táthar ag súil go gcuirfidh an comhlacht poiblí próiseas roghnúcháin iomlán i gcrích de réir na gcéimeanna atá sonraithe i rannóg 2 den chód.

Tá aon cheapachán a dhéantar faoin rannóg seo faoi réir na meicníochtaí athbhreithnithe agus achomhairc atá sonraithe i rannóg 5 - 8 den chód, mar is iondúil.

1.4.5 Próisis roghnúcháin ina bhfuil freagrachtaí á roinnt ag níos mó ná comhlacht amháin

I bhformhór na gcásanna, cuirfidh comhlacht státseirbhíse nó comhlacht seirbhíse poiblí an próiseas roghnúcháin i gcrích. Ceadáíonn an Cód Cleachtais le haghaidh próiseas roghnúcháin, áfach, ina roinntear freagrachtaí earcaíochta. Baineann sé seo le ceapacháin in An Garda Síochána sa chás go bhfuil Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach go reachtúil as an gceapachán deiridh. Is éard atá i gceist leis seo daoine a cheapadh mar oiliúnaithe agus cúltaca an Gharda Síochána, sa chás go bhfuil cuid den phróiseas á reáchtáil ag an gCoimisiún um Cheapacháin Phoiblí. Go bunúsach, is í an phríomhdhifríocht idir an Cód seo agus an Cód Cleachtais le haghaidh ceapachán chuig post sa státseirbhís agus sa tseirbhís poiblí, go bhfuil céim bhreise i gceist sa phróiseas athbhreithnithe a cheadaíonn don chomhfhreagracht.

Glacann an Coimisiún leis go bhfuil freagracht reachtúil ar Choimisinéir an Gharda Síochána as cinntí a dhéanamh maidir le ceapachán deiridh iarrthóirí, mar Oiliúnaithe an Gharda Síochána (Airteagal 5 (2) de Rialacháin an Gharda Síochána (Glacthaí agus Ceapacháin) 1988 dá dtagraítear) agus Comhaltaí Cúltaca (Airteagal 5 (2) den Gharda Síochána (Comhaltaí Cúltaca) 2006 dá dtagraítear). Dá réir sin, tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh nósanna imeachta athbhreithnithe bunaithe i ndáil le cinntí dá leithéid atá á ndéanamh ag Coimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, beidh feidhm leis na nósanna imeachta athbhreithnithe i ndáil le ceapacháin eile faoi théarmaí tagartha an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí sa chás go bhfuil nó go mbeidh Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach as cinntí a dhéanamh a bhaineann le ceapachán iarrthóirí. Bheadh feidhm leis na treoirlínite seo a leanas i ndáil le nósanna imeachta athbhreithnithe den chineál sin:

- *Tá feidhm leis na nósanna imeachta le haghaidh athbhreithnithe atá sonraithe i Rannóg 8 i gcásanna inar mian le hiarrthóir go ndéanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána athbhreithniú ar ghníomh nó ar chinneadh a bhaineann leis na gnéithe sin den phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá curtha i gcrích ag An Garda Síochána. Leanfar ina dhiaidh sin leis na nósanna imeachta agus caighdeáin atá le glacadh ag an duine atá ag lorg an athbhreithnithe agus Coimisinéir an Gharda Síochána.*
- *Níl aon dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad is atá iarratas ar athbhreithniú á bhreithniú aige/aici. Tá an Coimisiún ag súil, áfach, go ndéanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána idirghabháil más féidir agus gníomh cuí i gcásanna ina n-aimsíonn sé/sí gur dócha gur tharla earráid.*
- *Mar a tharlaíonn i gcomhthéacs na bpróiseas earcaíochta, agus le réasún, ba cheart do gach páirtí atá ag déileáil le hiarratais ar athbhreithniú faoi Rannóg 8 den Chód seo nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm.*

- *Tá sé riachtanach go mbeadh córais éifeachtacha i bhfeidhm ag Coimisinéir an Gharda Síochána chun freagairt d'iarratais ar athbhreithniú. Ní mór do Choimisinéir an Gharda Síochána taifead iomlán de gach comhfhreagras agus aon doiciméid ábhartha eile a choimeád. Áirítear anseo miontuairiscí cruinnithe, taifid de ríomhphoist agus nótaí maidir le comhráite teileafóin a bhaineann le hiarrthóirí a thagann i láthair le haghaidh aon chineál measúnaithe is cuma má éiríonn leo nó mura n-éiríonn leo.*

1.5 Monatóireacht ar chur chun feidhme an chóid

Sonraítear in Alt 13 den Acht gur féidir leis an gCoimisiún iniúchadh a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais earcaíochta agus roghnúcháin chun meastóireacht a dhéanamh ar na caighdeáin bunaithe ina Chód Cleachtais agus iad a chosaint. Is príomh-mheicníocht í an fheidhm iniúchta i ndáil lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na prionsabail atá sonraithe sa Chód Cleachtais. Tá iniúchtaí á ndéanamh ar bhonn tréimhsiúil chun eolas a bhailiú faoi tslí a bhfuil na prionsabail á léirmhíniú agus á gcur i bhfeidhm. D'fhéadfadh go mbeadh iniúchtaí ag díriú ar réimsí spéise nó imní ar leith atá ábhartha don Choimisiún (féach ar Rannóg 3).

1.6 Cur isteach ar an bpróiseas earcaíochta

Má chreideann an Coimisiún gur cuireadh isteach air nó go ndearnadh iarracht cur isteach ar phróiseas ceapacháin, is féidir leis an cheist a imscrúdú nó duine éigin a údarú chun an cheist a imscrúdú ar a shon. Dá réir sin,

- tá dualgas ar shealbhóirí oifige an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon chur isteach nó aon iarracht cur isteach ar an bpróiseas.
- Sa chás go bhfuil próiseas earcaíochta ar fad nó cuid de phróiseas earcaíochta clúdaithe ag an gCód Cleachtais seo tarmligthe chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tá dualgas ar Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon chur isteach nó faoi aon iarracht cur isteach ar an bpróiseas.
- Tá dualgas ar ghníomhaireacht earcaíochta liostaithe sealbhóir an cheadúnais earcaíochta a chur ar an eolas faoi aon chur isteach nó aon iarracht cur isteach ar an bpróiseas.
- Tá duine a fhaightear ciontach i gcion dlite d'fhíneáil, príosúnacht nó an dá rud.

1.7 Tuilleadh comhairle agus faisnéise

Tá tuilleadh comhairle agus faisnéise maidir le hábhar agus léirléamh Chóid Chleachtais an Coimisiúin ar fáil ó Oifig an Coimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

2. Prionsabail earcaíochta

Sonraítear sa Chód an creat rialála le haghaidh próiseas ceapacháin den sórt sin agus tá sé dírithe ar shé phríomhphrionsabal earcaíochta. Seo a leanas na prionsabail atá i gceist:

1. Ionracas
2. Fiúntas
3. Dea-chleachtas
4. Comhsheasmhacht
5. Trédhearcacht
6. Ceapacháin a spreagann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

2.1 Ionracas

Príomhchuspóir de chuid an Choimisiúin é a chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar chaighdeáin inghlactha ionracais i ngach próiseas ceapacháin. Tá croíluachanna an ionracais cosúil le macántacht, neamhchlaontacht, cothroime, iontaofacht agus iompar eiticiúil mar bhonn leis na prionsabail atá bunaithe ag an gCoimisiún sa Chód Cleachtais seo.

Déanann an Coimisiún iarracht cultúr a chothú atá bunaithe ar iontaoibh, cothroime, trédhearcacht, éagsúlacht, uileghabhálacht agus meas do chách. Chomh maith leis sin, déantar iarracht a chinntiú go bhfuil caighdeáin ionracais faoi réir maoirseacht chomhsheasmhach, chríochnúil, trína fheidhm iniúchta inmheánaigh.

Ní mór go mbeadh sealbhóirí oifige tiomanta do na luachanna seo agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil gach gné den phróiseas ceapacháin á bainistiú go heiticiúil.

2.2 Ceapacháin déanta ar bhonn fiúntais

Ciallaíonn ceapachán ar bhonn fiúntais go bhfuil an duine is fearr d'aon phost ar leith ceaptha. Tá sé seo le cur i gcrích trí phróiseas earcaíochta atá trédhearcach, iomaíoch.

Ní mór go mbeadh na critéir atá sonraithe chun oiriúnacht iarrthóirí a mheas nasctha go díreach leis na cáilíochtaí, saintréithe pearsanta agus scileanna a theastaíonn chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh. Is cur chuige cothrom agus cóir é seo chun iarratasóirí a mheas. Is é a bhíonn mar thoradh air go roghnaítear na daoine a mheaitseálann a n-inniúlachtaí, cumais, taithí agus cáilíochtaí riachtanais na heagraíochta.

Dá réir sin, is prionsabal lárnach é fiúntas nach mór a bheadh ag tacú le gach cleachtas ceapacháin.

Is den tábhacht é go gcinntítear nach mbíonn an próiseas roghnúcháin mar bhonn le buntáiste nó míbhuntáiste dochosanta d'aon iarrthóir ar leith nó d'aon ghrúpa iarrthóirí. Ba cheart go dtacódh an próiseas roghnúcháin atá mar bhonn le ceapacháin a dhéanamh le comhionannas, éagsúlacht agus uileghabhálacht deise.

2.3 Próiseas ceapacháin atá ar aon dul le dea-chleachtas

Ba cheart go mbeadh an próiseas ceapacháin éifeachtúil, costéifeachtach agus de réir dea-chleachtais.

Baineann dea-chleachtas le gach gné den phróiseas roghnúcháin. Áirítear anseo sonraíocht poist agus duine a shainiú, poiblíocht a dhéanamh ar an bhfolúntas agus na meicníochtaí measúnaithe cuí a roghnú. Ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil gach próiseas earcaíochta agus roghnúcháin deartha go huilíoch agus go dtuigeann iarrthóirí gur féidir leo cóiríochtaí réasúnacha a lorg chun triail mhianaigh agus agallaimh a dhéanamh.

Cuimsítear ann freisin socruithe bainistíochta oiliúna agus tacaíochta chun cruthú agus cothabháil taifead oiriúnach den phróiseas ceapacháin a chinntiú.

2.4 Próiseas ceapacháin chothroim atá curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach

Cuireann an Coimisiún i gcoinne aon fhoirm d'idirdealú díreach nó neamhdhíreach, gníomhach nó éighníomhach. Ní mór go mbeadh an próiseas roghnúcháin a ghlactar leis agus an bealach a gcuirtear i bhfeidhm é lántiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus uileghabhálacht deise.

Tá oibleagáid ar shealbhóirí oifige caitheamh go cothrom le hiarrthóirí, aird a thabhairt ar chaighdeán comhsheasmhach agus ar bhealach comhsheasmhach.

2.5 Ceapacháin déanta ar bhealach oscailte, cuntasach agus trédhearcach

Cuirfidh trédhearcacht sa phróiseas ceapacháin agus an oscailteacht a léirítear nuair a bhíonn sealbhóirí oifige ag déileáil le hiarrthóirí le hiontaoibh i measc iarrthóirí.

Tá cumarsáid oscailte agus ghníomhach maidir leis an bpróiseas agus leis an mbonn measúnaithe riachtanach. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh

cumarsáid atá deartha go huilíoch inrochtana do chách. Ba cheart go mbeadh tiomantas iomlán maidir le haiseolas lánbhí a chur ar fáil i bhformáid atá deartha go huilíoch d'iarrthóirí a lorgáinn aiseolas.

2.6 Ceapacháin a spreagann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

Spreagfar comhionannas agus ionchuimsiú ag gach céim den phróiseas roghnúcháin. Caithfear go cothrom agus go cóir le hiarrthóirí, agus léireofar meas agus urraim do dhifriúcháin aonair i rith an phróisis. Tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar bhonn le gach cinneadh agus próiseas a bhaineann le comórtas.

2.7 Cur i bhfeidhm na bprionsabal

2.7.1 *Cód Cleachtais*

Tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh téarmaí an Chóid Cleachtais seo á gcomhlíonadh mar aon le haon treoirínte eile atá eiseithe ag an gCoimisiún.

2.7.2 *Ceadúnais earcaíochta*

Ceanglaíonn an Coimisiún ar earcaitheoirí cloí le téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

2.7.3 *Pleanáil an phróisis roghnúcháin*

Nuair a bhíonn sealbhóir oifige nó eagraíocht i mbun an phróisis roghnúcháin agus cheapacháin a phleanáil, bíonn an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Déantar ceapacháin i ndiaidh próiseas roghnúcháin iomaíoch, atá deartha go huilíoch, bunaithe ar fhiúntas ina gcaitear le gach iarrthóir go cothrom ag gach céim.
- Pleanálann earcaitheoirí conas atá sé beartaithe acu an próiseas ceapacháin a chur i gcrích agus cuirtear san áireamh líon na bhfolúntas is dócha a bheidh ann agus líon na n-iarrthóirí a d'fhéadfadh cur isteach ar an bpost/ar na poist. Déanfar cinntí soiléire maidir leis an gcur chuige a ghlacfar leis mar chuid d'aon fheachtas earcaíochta.
- Déantar breithniú follasach ar dheiseanna agus ar bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le (nó bacainní féideartha a bhaint) comhionannas, éagsúlacht agus uileghabhálacht i bhfostaíocht.

- Cuirtear faisnéis maidir le céimeanna difriúla an phróisis ceapacháin ar fáil d'iarrthóir roimh ghlacadh le formáid atá deartha go huilíoch. Tá comhairle agus sonraí dea-chleachtais maidir le cumarsáid atá deartha go huilíoch le fáil ar shuíomh gréasáin CPSA faoi CCanna le haghaidh comhlachtaí poiblí.
- Tá cinní a dhéantar i rith an phróisis roghnúcháin bunaithe ar na cáilíochtaí, saintréithe pearsanta agus scileanna atá riachtanach chun dualgais a chomhlíonadh agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh ag an gcaighdeán cuí.
- Úsáideann earcaitheoirí próiseas roghnúcháin ar ardchaighdeán atá bunaithe ar na scileanna agus cáilíochtaí atá ábhartha don phost.
- Sainnítear na critéir ar a mbunófar cinní roghnúcháin sula gcuirtear tús leis an bpróiseas.
- Rangaítear iarrthóirí a chomhlíonann an caighdeán cuí don phost in ord fiúntais agus breithnítear iad lena cheapadh san ord sin.
- Díríonn earcaitheoirí go gníomhach ar na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus cinntítear go mbreithnítear agus go ndéileáiltear leo sula gcuirtear feachtais earcaíochta i gcrích. Ba cheart d'earcaitheoirí a chinntiú go dtuigeann iarrthóirí gur féidir leo cóiríochtaí réasúnacha a iarraidh roimh aon chéim den phróiseas roghnúcháin.
- Déantar próisis cheapacháin a mhonatóiriú agus a mheas, agus aimsítear réitigh dhearfacha i ndáil le haon deacracht a thagann chun cinn.
- Tá bearta oiriúnacha á gcur i gcrích chun fostú daoine faoi mhíchumas a éascú.

2.7.4 Sonraíochtaí poist agus duine agus creataí inniúlachta

Chomh fada is a bhaineann le sonraíocht poist agus duine agus creataí inniúlachta, tá an

Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Breithnítear agus formhuinítear an tsonraíocht poist agus duine, mar bhonnchloch an phróisis roghnúcháin, ag leibhéal sinsearach oiriúnach laistigh den eagraíocht fostaithe sula gcuirtear tús leis an bpróiseas roghnúcháin.
- Tá sonraíochtaí poist agus duine atá scríofa go hoibiachtúil agus éifeachtach mar bhonn leis na próisis roghnúcháin atá in úsáid. Beidh na sonraíochtaí seo dírithe ar chuspóir an phoist, na príomhréimsí cuntasachta agus na scileanna riachtanacha agus saintréithe pearsanta atá riachtanach chun an bpost a chur i gcrích go héifeachtach.
- Sainníonn sonraíochtaí poist agus próifílí inniúlachta le haghaidh na ról critéir ábhartha trínar féidir iarrthóirí a thomhas i rith an phróisis roghnúcháin. D'fhéadfadh go mbeadh bonn cuí leis na critéir de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Tá fianaise le fáil ar bhonn comhsheasmhach ar phríomhghnéithe shonraíochtaí an phoist agus an duine i rith an phróisis roghnúcháin.

- Tá na critéir a bhaineann le roghnúchán bunaithe ar cheanglais riachtanacha an phoist, agus prionsabal comhdheise a chur chun cinn le haghaidh fostaíocht.
- Níl na riachtanais a bhaineann leis an bpost rósriantach. Tá fianaise fáil i sonraíochtaí ar céard atá riachtanach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Ní shonrófar riachtanais neamhéigeantacha a bhféadfadh daoine faoi mhíchumas a bheith á n-eisiamh dá mbarr.
- Tá sonraíochtaí poist agus duine neamhchlaonta agus tá dea-chleachtas reatha á gcomhlíonadh acu.
- Comhaontaítear téarmaí agus coinníollacha, critéir cháilitheachta agus riachtanas maidir le húsáid agus eolas na Gaeilge leis an aire cuí sula gcuirtear tús leis an bpróiseas roghnúcháin. Cinnfear iad seo de réir cheanglais an phoist agus aon cheanglais reachtúla (dlíthiúla).
- Baineann sonraíochtaí an duine go díreach le dualgais an phoist.

2.7.5 *Iarrthóirí a mhealladh*

Nuair a bhíonn iarrthóirí á mealladh, bíonn an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Ábhar margaíochta atá soiléir, beacht agus éifeachtach atá deartha chun cineál iarratasóra ar leith a mhealladh curtha in iúl go soiléir, chun comhionannas deiseanna.
- Cinntíonn cuir chuige margaíochta go bhfuil an earcaíocht á déanamh ón ngrúpa tallainne agus taithí is fearr atá ar fáil (agus is ábhartha). Cuirfear faisnéis maidir le deiseanna fostaíochta ar fáil d'iarratasóirí incháilithe féideartha i bhformáidí agus i meáin atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Ní eisiann teicnící margaíochta aon ghrúpa ar leith laistigh den tsochaí.
- Chomh fada is a bhaineann le próisis cheapacháin inmheánacha, tá rochtain chúig ag baill foirne incháilithe ar na cuir chuige margaíochta atá in úsáid.
- Tá gach ábhar margaíochta agus tacaíochta inrochtana, neamhchlaonta agus tugtar léargas ann, más cuí, ar shonraíochtaí an phoist agus an duine agus ar an bpróiseas measúnaithe a mbeifear ag cloí leis.
- Déantar gach iarracht is féidir próiseas iarratais a sholáthar atá inrochtana do gach iarrthóir.

2.7.6 *Modheolaíochtaí measúnaithe*

Maidir le modheolaíochtaí agus meicníochtaí atá in úsáid sa phróiseas roghnúcháin agus ceapacháin, bíonn an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Éascaíonn meicníochtaí measúnaithe sainaitheint agus roghnú an duine nó roghnú na ndaoine is fearr a mheitseálann riachtanais an phoist.

- Úsáidtear modheolaíochtaí measúnaithe de réir dea-chleachtais agus ní chuimsítear iontu ach uirlisí agus teicnící roghnúcháin atá bailíochtaithe i gceart.
- Tá próisis mheasúnaithe oiriúnach le haghaidh na gcritéar roghnúcháin.
- Úsáidtear modh oiriúnach gearrliostaithe (sa chás go bhfuil cleachtaí gearrliostaithe á gcur i gcrích).
- Baineann trialacha roghnúcháin, sa chás go bhfuil siad in úsáid mar chuid den phróiseas roghnúcháin, leis an bpost.
- Déantar gach iarracht réasúnach freastal ar iarrthóirí.
- Soláthraítear áiseanna agus trealamh feabhsaithe de réir mar is gá chun cur ar chumas iarrthóirí barr a gcumais a bhaint amach.

2.7.7 Boird roghnúcháin

Maidir le boird roghnúcháin, tá an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go gcuireann boird roghnúcháin an próiseas roghnúcháin i gcrích go hoscailte agus go trédhearcach.
- Tuigeann cleachtóirí roghnúcháin a ról agus tá na scileanna cuí acu chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.
- Tuigeann agus comhlíonann baill na mbord roghnúcháin a bhfreagrachtaí maidir le reachtaíocht reatha saorála faisnéise, cosanta sonraí agus comhionannais fostaíochta.
- Tá baill na mbord roghnúcháin airdeallach ar fheasacht mhíchumais agus beartas comhdheiseanna

2.7.8 Scagadh cáilitheachta

Tá an Coimisiún ag súil leis go gcuirfeadh “scagadh cáilitheachta” i bhfeidhm ar iarratais iarrthóirí ar phost, agus is mian leis an gCoimisiún an méid seo a leanas a chinntiú

- Tá seiceálacha oiriúnacha bunaithe lena chinntiú go gcomhlíonann iarrthóir na critéir cháilitheachta sonraithe sula ndéantar ceapachán a thairiscint.
- Glactar leis go bhfuil iarrthóirí cáilithe lena gceapadh má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta sonraithe agus má tá an próiseas roghnúcháin curtha i gcrích acu, de réir an Chóid Cleachtais seo.
- Dícháilítear iarrthóirí nach gcomhlíonann na critéir cháilitheachta sonraithe ón bpróiseas agus cuirtear fógra maidir leis seo chucu.

2.7.9 Cumarsáid

Éilíonn an Coimisiún gealltanas maidir le cumarsáid oscailte, thráthúil agus éifeachtach le hiarrthóirí. Caithfear gach fiosrúchán a fhreagairt go cuí agus ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil.

2.7.10 Aiseolas

Féadfaidh iarrthóirí tuilleadh mínithe a lorg (aiseolas) i ndáil le cinneadh a rinneadh maidir lena n-iarratas. Tá an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Tá córais éifeachtacha i bhfeidhm chun an fheidhm aiseolais a bhainistiú.
- Aiseolas soiléir, sonrath agus lánbhri a mhíníonn an bonn a bhí leis an gcinneadh a rinneadh nuair a lorgaíonn iarrthóirí a leithéid.

D'fhéadfadh sealbhóir oifige cinneadh a dhéanamh cur leis an aiseolas atá á chur ar fáil dá fhostaithe i rith próiseas ceapacháin inmheánaigh le treoir forbartha pearsanta, mar chuid dá chleachtais ghinearálta caidrimh idir fostóirí agus fostaithe. Ní ceanglas iad na tionscnaimh seo faoin gCód Cleachtais seo, áfach.

2.7.11 Iarratais ar athbhreithniú agus gearáin atá ag líomhain sárú an Chód Cleachtais

Tá an Coimisiún ag súil leis go ndéileálfar le hiarratais ar athbhreithniú ar chinneadh roghnúcháin agus gearáin a líomhnaíonn sárú ar an gCód Cleachtais ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil agus de réir nósanna imeachta an Chóid.

2.7.12 Oiliúint

Tá oiliúint ar ardchaighdeán le haghaidh rannpháirtithe rithábachtach i ndáil le fadhbanna a sheachaint amach anseo leis an bpróiseas roghnúcháin agus ceapacháin. Déanann an Coimisiún iarracht an méid seo a leanas a chinntiú

- Tuigeann cleachtóirí roghnúcháin a ról agus tá na scileanna cuí acu chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.
- Cuirtear oiliúint ar fáil go tráthúil agus tá sé oiriúnach don mheicníocht mheasúnaithe sonrath atá le húsáid sa phróiseas roghnúcháin.
- Tá dóthain oiliúna ábhartha déanta ag baill bord roghnúcháin, atá curtha ar fáil ar bhonn tráthúil agus atá oiriúnach don phróiseas sonrath measúnaithe atá le cur i gcrích. Murab é seo an cás, ba cheart go mbeadh dóthain taithí ag baill de na boird roghnúcháin ar agallaimh a dhéanamh ag leibhéal cuí agus ba cheart go mbeadh na scileanna acu atá riachtanach chun meastóireacht cheart a dhéanamh ar iarrthóirí.

- Is iad daoine atá cáilithe chun triail a roghnú atá bailí le haghaidh cuspóir áirithe a dhéanann cinneadh maidir leis an teicníc roghnúcháin atá le húsáid.
- Ní úsáideann ach daoine cuícháilithe teicnící roghnúcháin roghnaithe, daoine atá oilte go cuí i réimse an riaracháin, na scórála agus an léirmhínte.
- Tá socruithe déanta lena chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag daoine a bhfuil baint acu le riar an phróisis ceapacháin. Tá eolas cuí maidir leis an bpróiseas le roinnt leis na rannpháirtithe seo.
- Tá an oiliúint reatha, ábhartha agus á cur ar fáil ag caighdeán cuí.
- Clúdaíonn oiliúint struchtúr an phróisis agus comhthéacs an cheapacháin. Ba cheart go n-áireofaí san oiliúint reachtaíocht nua agus reachtaíocht atá le teacht.
- Déantar éifeachtacht oiliúna a mhonatóiriú agus a mheas agus déantar gníomh leantach ar bhonn leanúnach.
- Soláthraítear oiliúint maidir le feasacht míchumais de réir mar is cuí.

2.7.13 *Córais bhainistíochta agus dearbhú cáilíochta*

Maidir le córais bhainistíochta agus dearbhú cáilíochta sa phróiseas roghnúcháin agus ceapacháin, bíonn an Coimisiún ag súil leis an méid seo a leanas

- Tá córais bhainistíochta éifeachtacha bunaithe.
- Tá rialuithe bunaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag glacadh le próisis oiriúnacha agus go bhfuil próisis oiriúnacha á gcomhlíonadh.
- Tá bearta bunaithe lena chinntiú go bhfuil an Cód Cleachtais á chomhlíonadh ag beartais agus ag cleachtais.
- Tá nósanna imeachta oiriúnacha bunaithe chun ardchaighdeán a dheimhniú sa phróiseas roghnúcháin agus ceapacháin.
- Déantar éifeachtacht na bpróiseas measúnaithe a athbhreithniú agus a mheas go rialta.

2.7.14 *Doiciméid*

Tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh an próiseas roghnúcháin agus ceapacháin á dhoiciméadú go cuí agus

- Go gcoimeádtar taifid doiciméadaithe a thacaíonn le gach céim den phróiseas. Cuimseofar iontu seo nótaí maidir le hagallaimh a reáchtáladh.
- Tá léargas le fáil sna doiciméid atá ag tacú le céimeanna measúnaithe an phróisis ar na critéir roghnúcháin.
- Is féidir doiciméid a bhféadfadh an Coimisiún iad a iniúchadh, agus faisnéis maidir lena n-úsáid, a aisghabháil agus a rochtain.
- Eisítear doiciméid bheachta, leordhóthanacha agus oiriúnacha chuig iarrthóirí. Ba cheart go n-áireofaí anseo eolas maidir le conas an Cód Cleachtais seo a rochtain

agus go háirithe eolas maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe agus gearáin atá sonraithe i Rannóg 7 agus 8 den Chód.

- Sonraítear sna doiciméid na critéir shonracha atá le comhlíonadh ag iarrthóirí, de réir cheanglais an Achta. Ciallaíonn sé sin nach mór go mbeadh an méid seo a leanas acu,
 - ✓ an t-eolas agus an cumas chun dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh,
 - ✓ carachtar oiriúnach a bheith aige nó aici don phost, agus
 - ✓ a bheith oiriúnach i ngach comhthéacs eile le ceapadh sa phost i gceist.

Má éiríonn le hiarrthóirí, ní cheapfar iad sa phost mura

- ✓ gcomhaontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus mura nglacann siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar, nó faoina bhféadfaí na dualgais a chomhlíonadh, agus
- ✓ bhfuil siad inniúil, agus ar fáil agus mura bhfuil ar a gcumas na dualgais seo a chomhlíonadh.

2.7.15 Rúndacht

Ceanglaíonn an Coimisiún go ndéileáiltear le hiarratais faoi rún daingean, faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997–2014

2.7.16 Comhionannas

Bheifí ag súil go gcloífeadh an Coimisiún le prionsabal an chomhionannais i ngach próiseas roghnúcháin. Sa chás go gcreideann iarrthóir go raibh próiseas beagán easnamhach sa chomhthéacs seo, tá an rogha aige/aici leanúint lena leithéid de ghearán faoi mheicníochtaí na Reachtaíochta Comhionannais.

2.8 Ceanglais reachtacha

Ceanglaíonn an Coimisiún go mbeadh an reachtaíocht seo a leanas á comhlíonadh

- *An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004*
- *An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) Leasú 2013*
- *Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2011*
- *An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014*
- *An tAcht um Míchumas 2005*
- *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*
- *An tAcht um Chosaint Sonraí 2018*

- *Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997–2014*
- *An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014*
- *An Cód Cleachtais maidir le Fostaíocht Daoine faoi Mhíchumas (foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe)*

Rannóg 3: Iniúchadh ar bheartais agus ar chleachtais earcaíochta

3.1 An seasamh dlí

Sonraítear in Alt 13(1)(c) den Acht gur féidir leis an gCoimisiún nósanna imeachta a bhunú chun an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin a úsáidtear chun ceapacháin a bhunú sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a iniúchadh.

3.2 Cur i bhfeidhm na feidhme iniúchta

3.2.1 Cuspóir an phróisis iniúchta

Is é cuspóir an phróisis iniúchta a chinntiú go bhfuil beartais, cleachtais agus córais tacaíochta earcaíochta deartha agus á gcur i gcrích de réir an Chóid Cleachtais seo. D'fhéadfadh iniúchtaí aon chuid den phróiseas ceapacháin a scrúdú. D'fhéadfaidís díriú ar shealbhóirí oifige aonair. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn téamach ar gach sealbhóir oifige. D'fhéadfaí go n-áireofaí i scrúdú iniúchta athbhreithniú ar chlár earcaíochta sonracha.

Is príomh-mheicníocht í an fheidhm iniúchta a chuireann ar chumas an Choimisiúin caighdeáin a chosaint. Déantar iarracht a chinntiú go bhfuil na príomhphrionsabail atá sonraithe sa Chód Cleachtais á gcothabháil agus, más cuí, go bhfuil an ceadúnas earcaíochta á fheidmiú ag an sealbhóir oifige de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá sonraithe ag an gCoimisiún.

3.3 Nósanna imeachta iniúchta

Ní mór do shealbhóirí oifige comhoibriú go hiomlán leis na hiniúchtaí ar fad a chuirtear i gcrích thar ceann an Choimisiúin. Cuirfear iniúchtaí i gcrích ar bhealach gairmiúil, i spiorad an fheabhais agus é mar aidhm eolas a roinnt agus dea-chleachtas a chinntiú seachas díriú go sonrach ar chomhlíonadh.

Tugtar réamhfhógra maidir le rún an Choimisiúin iniúchadh a chur i gcrích. Cinnteoidh sé seo go mbeidh dóthain ama ag sealbhóirí oifige na doiciméid agus na staitisticí oiriúnacha ar fad a ullmhú. Ciallóidh réamhfhógra gur féidir an t-athbhreithniú a dhéanamh leis an méid is lú cur isteach agus is féidir.

Reáchtálfar iniúchtaí ar bhealach éifeachtúil agus sonrúfar na céimeanna iniúchta agus roinnfear eolas fúthu go soiléir roimhe ré. Nuair a bhíonn iniúchadh curtha i gcrích, pléifear na torthaí leis an eagraíocht iniúchta sula gcuirtear tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, beidh deis ag daoine atá faoi réir an iniúchta a dtuairimí maidir le tuarascálacha iniúchta a roinnt chomh fada is a bhaineann le beachtas fíorasach sula gcuirtear bailchríoch ar aon tuarascálacha.

Sa chás go sainaithnítear easnaimh in iniúchadh i réimse earcaíochta ar leith, beartas earcaíochta nó cleachtas earcaíochta, déanfar moltaí chun déileáil leis an locht. Beidh béim á leagan ar chúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil

3.3.1 Iniúchtaí a reáchtáil

Nuair a bhíonn iniúchtaí á gcur i gcrích, is é cuspóir an Choimisiúin an méid seo a leanas a chinntiú

- Tá próisis roghnúcháin agus cheapacháin á gcur i gcrích de réir an Chóid Cleachtais seo.
- Níl aon fhéidearthacht ann go bhféadfadh pátrúnacht nó pribhléid a bheith ag imirt tionchair ar aon chuid den phróiseas.
- Tá treoracha agus treoir le haghaidh sealbhóirí oifige, lena n-áirítear treoir maidir le húsáid gníomhaireachtaí earcaíochta liostaithe (i gcás sealbhóirí ceadúnas), comhsheasmhach le spiorad agus le litir an Chóid Chleachtais.
- Tuigeann na daoine atá freagrach as na próisis cheapacháin eagraithe ceanglais an Choimisiúin.
- Tá oiliúint ábhartha déanta ag baill bord roghnúcháin atá curtha ar fáil ar bhonn tráthúil agus atá oiriúnach don phróiseas sonrath measúnaithe atá le cur i gcrích. Murab é seo an cás, ba cheart go mbeadh dóthain taithí ag baill de na boird roghnúcháin ar agallaimh a dhéanamh ag leibhéal cuí agus ba cheart go mbeadh na scileanna riachtanacha acu chun meastóireacht cheart a dhéanamh ar iarrthóirí.
- Tá daoine aonair a bhfuil na teicnící roghnúcháin á riar acu cáilithe go cuí agus tá oiliúint ábhartha curtha orthu le déanaí.
- Tá gníomh curtha i gcrích chun aon chásanna ar tugadh faoi deara mar chuid de mhonatóireacht inmheánach nár chomhlíon an Cód Cleachtais a cheartú.
- Tá aon fhorbairtí i mbeartas nó cleachtas earcaíochta nua, nósanna imeachta roghnúcháin mar shampla, comhsheasmhach leis an gCód Cleachtais.

3.3.2 Foilsiú tuarascálacha i ndiaidh iniúchta

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le toradh gach iniúchta ar a shuíomh gréasáin: www.cpsa.ie. Chomh maith leis sin, foilseoidh an Coimisiún cuntas maidir lena ghníomhaíocht iniúchta ina thuarascáil bhliantúil.

Rannóg 4: Freagracht agus cuntasacht

4.1 Freagracht as cur i bhfeidhm prionsabal earcaíochta

Is é/í an sealbhóir oifige an duine atá freagrach agus cuntasach as ceapacháin. Chun ionracas an chórais ceapacháin a chothabháil, tá an sealbhóir oifige freagrach don Choimisiún as a chinntiú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta á gcomhlíonadh (más cuí), an Cód Cleachtais seo agus aon treoirlínte eile a bheidh eisithe ag an gCoimisiún.

Féadfaidh sealbhóirí oifige ar a mbronntar ceadúnais earcaíochta an tasc earcaíochta ar fad nó cuid den tasc earcaíochta a tharmligean chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Sa chás go ndéantar tarmligean dá leithéid, tá Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí freagrach, a mhéid agus is féidir, as tarmligean an chloí le téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta, an Chóid Cleachtais seo agus aon treoirlínte eile atá eisithe ag an gCoimisiún.

Féadfaidh sealbhóirí ceadúnais cúnamh a lorg ó ghníomhaireachtaí earcaíochta liostaithe le haghaidh roinnt tascanna a bhaineann leis an roghnúchán faoi cheadúnas earcaíochta ar leith atá ina sheilbh (tá na sonraí ar fad ar fáil ón gCoimisiún). Tá an sealbhóir ceadúnais freagrach, áfach, as roghnú deiridh na n-iarrthóirí lena gceapadh agus as iarrthóirí a ainmniú ar phainéal lena gceapadh. Sa chás go bhfuil cúnamh á lorg ó ghníomhaireacht earcaíochta liostaithe, beidh an dualgas ar shealbhóir an cheadúnais a chinntiú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais earcaíochta, an Chóid Cleachtais agus aon treoirlínte eile eisithe ag an gCoimisiún á gcomhlíonadh.

D'fhéadfadh dhá eagraíocht nó níos mó i gcomhpháirt próiseas ceapacháin a chur i gcrích. Sa chás seo, ní mór do na sealbhóirí oifige lena mbaineann comhaontú roimh ré go mbeidh duine dá ngrúpa freagrach agus cuntasach as comhlíontacht iomlán a chinntiú le téarmaí agus coinníollacha an Chóid Cleachtais seo agus aon treoirlínte eile a bheidh eisithe ag an gCoimisiún.

4.2 Cuntasacht le haghaidh cinntí earcaíochta

Ní mór go mbeadh daoine atá freagrach as próisis earcaíochta agus roghnúcháin in ann a thaispeáint go bhfuil prionsabail earcaíochta an Choimisiúin comhlíonta acu. Dá réir sin,

- Ba cheart go mbeadh gach cinneadh a dhéantar maidir leis an gcur chuige ar glacadh leis in aon phróiseas ceapacháin soiléir agus follasach.

- Ba cheart próisis roghnúcháin agus cheapacháin a dhoiciméadú ina n-iomláine. Ba cheart córais agus socruithe éifeachtacha bainistíochta a bhunú (lena n-áirítear bainistiú doiciméad).
- Ba cheart do dhaoine atá freagrach as earcaíocht monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid próiseas agus tionscnaimh dhearfacha a chur i gcrích chun déileáil le haon deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- Ba cheart taifid a bhainistiú de réir théarmaí Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 agus Acht um Chosaint Sonraí 2018
- Ní mór go mbeadh sealbhóirí oifige – agus an Coimisiún i ndeireadh na dála – sásta go bhfuil próisis cheapacháin curtha i gcrích i gceart.

4.3 Freagracht iarrthóirí

4.3.1 *Canbhasáil*

Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil agus a eisiáimh ón bpróiseas ceapacháin. (Sampla de chanbhasáil é iarracht a bheith á déanamh ag iarrthóir tacaíocht bhreise a fháil ó dhuine nó ó dhaoine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas roghnúcháin agus ceapacháin trí mhodhanna eile seachas an modh iarratais sonraithe. D'fhéadfadh go mbeadh míbhuntáiste éagothrom ag an iarrthóir dá bharr seo.

4.3.2 *Oibleagáidí iarrthóirí*


Ní cheadaítear d'iarrthóirí atá páirteach sa phróiseas earcaíochta

- Faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go meargánta
- Canbhasáil a dhéanamh ar dhuine ar bith, le nó gan asluithe
- Cur isteach ar nó an próiseas a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.
- Níor cheart do thríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

4.3.3 *Pionóis i ndáil le teip an Chóid Chleachtais a chomhlíonadh*

Tá coir á déanamh ag aon duine a sháraíonn na freagrachtaí agus oibleagáidí atá sonraithe i Rannóg 4.3 den Chód Cleachtais seo, nó a chabhraíonn le duine éigin eile na forálacha sin a shárú. Tá a leithéid de dhuine faoi réir ionchúisimh a bhféadfadh fíneáil, príosúnacht nó an dá rud a bheith dá thoradh. Más iarrthóir i bpróiseas earcaíochta é duine a aimsítear atá ciontach i gcoir a dhéanamh, beidh sé/sí dícháilithe mar iarrthóir agus eisiata ón bpróiseas. Má tá duine a aimsítear atá ciontach i gcion dá leithéid ceaptha i bpost i ndiaidh an phróisis earcaíochta i gceist, bainfear é/í ón bpost sin.

Próiseas Gearáin/Athbheithnithe



5. Nósanna imeachta athbhreithnithe agus gearáin

5.1 Forléargas

Tá ról reachtúil ag an gCoimisiún nósanna imeachta a bhunú agus a maoirseacht a dhéanamh orthu a dhéileáilann le gearáin agus aon iarratais ar athbhreithniú a bhaineann le próiseas ceapacháin.

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh próiseas roghnúcháin, is féidir leis/léi **ceachtar den dá rud seo a leanas a dhéanamh:**

1. **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh i rith an phróisis a lorg
nó
2. **Gearán a dhéanamh** ag cur in iúl go raibh an próiseas roghnúcháin míchothrom

Is féidir le hiarrthóir ceann amháin den dá nós imeachta seo a leanas a leanúint ach **ní an dá nós imeachta**. Ní mór dó/di rogha a dhéanamh idir iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh nó gearán a dhéanamh faoin bpróiseas.

Sula ndéantar cinneadh, moltar d'iarrthóir **gearán neamhfhoirmiúil** a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir leo faisnéis bhreise a fháil maidir le conas a rinneadh an cinneadh agus/nó conas ar cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích. Cabhróidh sé seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil siad fós míshásta leis an bpróiseas roghnúcháin agus má tá, céard ba cheart a dhéanamh.

5.2 Iarratais ar athbhreithniú

Má tá iarrthóir míshásta **leis an gcinneadh deiridh, nó aon chinneadh eile** a rinneadh i rith próiseas roghnúcháin, is féidir leis/léi athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg faoi rannóg 7 den chód. Is féidir é seo a dhéanamh sa chás go gcreideann iarrthóir go raibh an cinneadh:

- a) déanta ar bhonn faisnéis mhícheart nó mífhaisnéis nó
- b) nuair a bhí an cinneadh á dhéanamh nár leanadh an nós imeachta doiciméadaithe

Féadfar an cinneadh a fhreaschur má chinntear go raibh sé mícheart.

Sonraítear i Rannóg 7 den Chód seo an bealach inar cheart d'iarrthóir iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh a dhéanamh. Sonraítear ann freisin conas ba cheart déileáil leis an iarratas.

5.3 Gearáin maidir leis an bpróiseas roghnúcháin

Má shíleann iarrthóir go raibh an próiseas roghnúcháin **éagórach** agus go raibh an Cód Cleachtais á shárú, is féidir leis/léi gearán a dhéanamh faoin bpróiseas faoi rannóg 8 den chód. Tarlaíonn sé seo sa chás go n-admhaíonn iarrthóir go raibh na cinntí a rinneadh i rith an phróisis déanta bunaithe ar fhaisnéis cheart agus iomlán, mar a bhí sonraithe, éagórach go bunúsach.

Má chinntear go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach, féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh, comhairle a thairiscint nó treoir a eisiúint do shealbhóir oifige a chur san áireamh níos faide anonn nó i rith próiseas ceapacháin amach anseo. Ní féidir leis an gCoimisiún a cheangal, áfach, ar shealbhóir oifige cinneadh a rinneadh i rith próiseas ceapacháin a iompú droim ar ais.

Sonraítear i Rannóg 8 an bealach inar cheart d'iarrthóir gearán ag líomhain sárú ar an gCód seo a dhéanamh. Sonraítear ann freisin conas ba cheart déileáil leis an ngearán.

5.4 Rogha a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart athbhreithniú a lorg nó gearán a dhéanamh

Roimh iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh faoi rannóg 7 nó gearán a dhéanamh faoi Rannóg 8, ba cheart d'iarrthóirí breithniú a dhéanamh ar cibé acu próiseas is oiriúnaí dá n-imthosca. Sa chás go bhfuil athbhreithniú ar phróiseas earcaíochta nó roghnúcháin curtha i gcrích faoi rannóg 7, **ní féidir** le gearánach athbhreithniú eile ar an bpróiseas faoi rannóg 8 a lorg (seachas sna himthosca is eisceachtúla, a chinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin).

Sula ndéantar cinneadh, moltar d'iarrthóir **gearán neamhfhoirmiúil** a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos. Tríd an méid sin a dhéanamh is féidir leo faisnéis ábhartha bhreise a fháil maidir le conas a rinneadh na cinntí agus/nó conas ar cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích. Cabróidh sé seo leo cinneadh a dhéanamh, má tá siad fós míshásta, maidir leis an rud ba cheart a dhéanamh.

5.5 Imthosca eisceachtúla

Sa chás go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar phróiseas roghnúcháin faoi Rannóg 7, ansin ní féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoin bpróiseas roghnúcháin chéanna faoi Rannóg 8, seachas in imthosca eisceachtúla. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir lena leithéid sin d'eisceachtaí dá lánrogha féin.

Le linn dó tairbhe a bhaint as a lánrogha, breithneoidh an Coimisiún réasúnaíocht an iarrthóra le haghaidh athbhreithniú a lorg ar dtús faoi rannóg 7 den Chód seo seachas gearán a dhéanamh faoi rannóg 8.

5.6 Aiseolas

Ba cheart d'iarrthóir atá ag lorg soiléirithe maidir leis an mbonn le cinneadh a rinneadh faoina (h)iarrthóireacht an t-aiseolas seo a fháil ón sealbhóir oifige atá i gceannas ar an bpróiseas earcaíochta. Ní gá aon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear thuas a agairt. Táthar ag súil go mbeidh aon aiseolas den chineál sin á bhainistiú go cuí ag an sealbhóir oifige mar dhlúthchuid den phróiseas ceapacháin.

5.7 Lánrogha an Choimisiúin i ndáil le gearáin a phróiseáil

Coimeádann an Coimisiún an ceart scrúdú ar ghearán a chur ar fionraí nó a stad, sa chás go gcinneann sé go bhféadfadh tionchar a bheith ag an scrúdú leantach ar phróis chuí scrúdaithe/imscrúdaithe atá á chur i gcrích ag comhlacht eile. Ní mór go mbeadh an Coimisiún sásta go raibh aon chur siar cóir i gcomhthéacs na bpáirtithe ar fad agus nach raibh dochar á dhéanamh do chearta bunúsacha aon duine aonair nó do chuspóirí tábhachtacha leas an phobail atá á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún. Bheadh an cinneadh seo bunaithe ar an gcás i gceist, agus bheadh tagairt á déanamh don ghearánach, don chomhlacht poiblí a ndearnadh gearán faoi agus don chomhlacht eile atá i mbun scrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Tá an Coimisiún tiomanta do mhíniú soiléir agus cuimsitheach a sholáthar don ghearánach agus don chomhlacht poiblí, ábhar an ghearáin, maidir leis na cúiseanna nár leanadh lena scrúdú ar ghearán in imthosca mar sin

6. Gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh

6.1 Eolas ginearálta

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh próiseas roghnúcháin, is féidir leis/léi iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh i rith an phróisis a lorg nó gearán a dhéanamh ag cur in iúl go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach. Sula ndéantar cinneadh, moltar d'iarrthóirí **gearán neamhfhoirmiúil** a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos.

Cuireann an próiseas gearáin neamhfhoirmiúil ar chumas iarrthóra faisnéis ábhartha bhreise a fháil maidir le conas a rinneadh na cinntí ina gcás féin agus conas ar cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích. Cabhróidh sé seo leo chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil siad fós míshásta leis an bpróiseas roghnúcháin agus má tá, céard ba cheart a dhéanamh.

D'fhéadfadh céim an ghearáin neamhfhoirmiúil seo deis a thabhairt don sealbhóir oifige agus don iarrthóir athbhreithniú a dhéanamh ar na fachtóirí ba chúis leis an gníomh a rinneadh nó leis an gcinneadh a rinneadh. Má chinneann an comhlacht poiblí gur tharla earráid i rith an phróisis, tá sé in ann idirghabháil go tapa, gníomh ceartaitheach a dhéanamh nó iarratas a dhéanamh go gcuirfí an próiseas ceapacháin ar fionraí.

Níl aon cheanglas ann go leanfadh iarrthóir le gearán neamhfhoirmiúil ar an gcéad dul síos. Moltar a leithéid go láidir, áfach. Mura mian le hiarrthóir páirt a ghlacadh i bpróiseas gearán foirmiúil agus más mian leis/léi leanúint go díreach leis an athbhreithniú/gearán, ba cheart é sin a shoiléiriú ag an tús.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur mhaith le comhlacht poiblí, neamhaird a thabhairt ar chéim neamhfhoirmiúil an ghearáin agus leanúint go díreach leis an gcéim athbhreithnithe/gearáin. Níor cheart go dtarlódh sé seo go ginearálta ach amháin sa chás go bhfuil comhlacht poiblí cinnte nach féidir an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil agus go mbeadh níos mó tairbhe ag baint le próiseas athbhreithnithe/gearáin. Ní mór aon chinneadh a dhéanann comhlacht poiblí neamhaird a dhéanamh de chéim an ghearáin neamhfhoirmiúil a dhoiciméadú go soiléir, agus an méid sin a chur in iúl don iarrthóir.

6.2 Nósanna imeachta chun gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh/a phróiseáil

Nuair a bhíonn gearán neamhfhoirmiúil á dhéanamh, ní mór don iarrthóir cur síos a dhéanamh ar na cúiseanna a gcreideann sé/sí go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach ina gcás féin.

6.2.1 Amfrámaí

Ní mór gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de **chúig lá oibre** i ndiaidh fógra a fháil maidir le cinneadh roghnúcháin.

Tá na hamlínte a leagtar amach as Chód beartaithe mar threoir do chomhlachtaí poiblí. Glacann agus tuigeann an Coimisiún go mb'fhéidir nach bhfuil eagraíochtaí ag feidhmiú de réir na dtréimhsí beachta seo agus féadfaidh sé meicníochtaí agus próisis ghearáin a fhorbairt a oibríonn is fear dá n-iarrthóirí agus dá riachtanais ghnó. Tá an Coimisiún ag, áfach, go mbeidh deis ag gach iarrthóir rochtain thráthúil a fháil ar mheicníochtaí gearán agus ar cheartas nádúrtha.

6.2.2 Scrúdú an ghearáin

Feidhmíonn próiseas an ghearáin neamhfhoirmiúil mar chleachtadh roinnt faisnéise. Ba cheart go n-áireofaí ann scrúdú deisce ar aon fhaisnéis atá ar fáil a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin, lena n-áirítear scrúdú ar chomhad earcaíochta an iarrthóra. Ina dhiaidh sin, moltar go ginearálta cruinniú duine le duine nó comhrá teileafóin a réachtáil idir an t-iarrthóir agus an t-ionadaí chun na hábhair atá ag déanamh imní don ghearánach a phlé.

I rith an chruinnithe seo, ba cheart don ionadaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a) Gnéithe sonracha den phróiseas roghnúcháin a bhfuil an t-iarrthóir míshásta leo a shoiléiriú
- b) Faisnéis chúlra bhreise a chur ar fáil don iarrthóir maidir leis an bpróiseas roghnúcháin sa chás seo, ag díriú go sonrach ar na réimsí a bhfuiltear míshásta leo
- c) Tuairim a sholáthar maidir le cibé acu an gcreideann nó nach gcreideann siad gur tharla earráidí i rith an phróisis roghnúcháin nó, cibé acu an raibh nó nach raibh an próiseas roghnúcháin éagórach dar leo
- d) Faisnéis shoiléir a chur ar fáil don ghearánach maidir leis na próisis athbhreithnithe agus gearán atá ar fáil má tá siad fós míshásta agus conas is féidir na próisis seo a chur i gcrích.

I gcásanna áirithe, go háirithe i gcás próiseas roghnúcháin mórsála nó próisis nach bhfuil á gcur i gcrích ag an eagraíocht fostaíochta, b'fhéidir nach mbeadh ar chumas comhlacht poiblí cruinnithe duine le duine nó comhráite teileafóin a eagrú. I gcásanna dá leithéid, bunóidh an comhlacht a mheicníochtaí malartacha, oiriúnacha féin don chumarsáid.

6.2.3 An t-ionadaí

Is duine é an t-ionadaí a roghnófar chun déileáil le gearán neamhfhoirmiúil a bhfuil dlúthnasc aige/aici, agus eolas maith, ar an bpróiseas roghnúcháin. Ach, duine nach raibh aon bhaint dhíreach aige/aici leis an bpróiseas cinnteoireachta. Go hiondúil is ball den aonad AD a bheidh ann nó duine éigin a bhfuil baint aige/aici le riar an phróisis.

6.2.4 An cinneadh

Ba cheart go scrúdódh sealbhóir oifige an chomhlachta poiblí an gearán neamhfhoirmiúil a luaithe agus is féidir. Eiseofar cumarsáid leis an iarrthóir agus fógra maidir leis an toradh tráth nach déanaí ná 5 lá oibre i ndiaidh gearán a fháil. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dóthain ama ag an iarrthóir chun an próiseas athbhreithnithe a rochtain agus más cuí, cinneadh a fhreaschur.

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh próiseas gearáin neamhfhoirmiúil fós, is féidir leis/léi **ceachtar den dá rud seo a leanas a dhéanamh:**

1. **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh i rith an phróisis a lorg
nó
2. **Gearán a dhéanamh** ag cur in iúl go raibh an próiseas roghnúcháin míchothrom

Tá na nósanna imeachta chun athbhreithniú ar chinneadh a lorg nó gearán a dhéanamh sonraithe i rannóg 7 agus rannóg 8 den chód.

7. Athbhreithniú ar chinneadh a lorg

Nósanna imeachta le haghaidh uaireanta nuair a lorgaíonn iarrthóir athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh maidir lena (h)iarratas

7.1 Eolas ginearálta maidir le cinneadh roghnúcháin a athbhreithniú

Ní gá go mbeadh iarrthóir sásta le gníomh nó cinneadh a rinne an comhlacht poiblí. Sa chás seo, féadfaidh sé/sí athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg.

Níl aon dualgas ar an gcomhlacht poiblí próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad is atá iarratas ar athbhreithniú á bhreithniú aige/aici. Tá an Coimisiún ag súil, áfach, go ndéanfar idirghabháil más féidir agus gníomh cuí i gcásanna ina n-aimsíonn sé/sí gur dócha gur tharla earráid.

Mar a tharlaíonn i gcomhthéacs na bpróiseas earcaíochta, agus le réasún, ba cheart do gach páirtí atá ag déileáil le hiarratais ar athbhreithniú faoi rannóg 7 den Chód seo nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm.

7.2 Nósanna imeachta chun athbhreithniú a lorg

Ní mór don iarrthóir déileáil le hábhair imní faoin bpróiseas trí nóta i scríbhinn a sheoladh chuig an gcomhlacht poiblí, agus cur síos a dhéanamh ar na fíricí ar dócha leis/léi a léiríonn go raibh gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart. D'fhéadfaí diúltú d'iarratas ar athbhreithniú foirmiúil mura féidir leis an iarrthóir tacú leis an iarratas.

7.2.1 Amfrámaí

Ní mór iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de **chúig lá oibre** ó fhógra a bheith faighte ag an iarrthóir maidir le cinneadh bunaithe **nó** cinneadh maidir le gearán neamhfhoirmiúil. Ba cheart do chomhlacht poiblí admháil i scríbhinn a eisiúint don iarrthóir laistigh de thrí lá oibre ón admháil ar iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a fháil.

Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir leis an gcomhlacht poiblí idirghabháil a dhéanamh má bhreithnítear gur dócha gur tharla earráid i rith an phróisis ceapacháin. Is féidir síneadh a chur leis an amfráma chun athbhreithniú a lorg in imthosca oiriúnacha. Is faoi lánrogha an chomhlachta poiblí atá an cinneadh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil síneadh le ceadú.

Tá na hamlínte a leagtar amach as Chód beartaithe mar threoir do chomhlachtaí poiblí. Glacann agus tuigeann an Coimisiún go mb'fhéidir nach bhfuil eagraíochtaí ag feidhmiú de

réir na dtréimhsí beachta seo agus féadfaidh sé meicníochtaí agus próisis ghearáin a fhorbairt a oibríonn is fear dá n-iarrthóirí agus dá riachtanais ghnó. Tá an Coimisiún ag, áfach, go mbeidh deis ag gach iarrthóir rochtain thráthúil a fháil ar mheicníochtaí gearán agus ar cheartas nádúrtha.

7.2.2 Iarratais ar athbhreithniú

Féadfaidh iarrthóir athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh ag aon chéim a lorg fad is atá an próiseas roghnúcháin ar siúl. Ní mór iarratas ar athbhreithniú a bhaineann le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin a fháil laistigh de dhá lá oibre ón gcinneadh a fháil. Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir leis an sealbhóir oifige idirghabháil a dhéanamh má bhreithnítear gur dócha gur tharla earráid ag céim eatramhach i rith an phróisis ceapacháin. Sa chás go lorgaíonn iarrthóir athbhreithniú neamhfhoirmiúil, ní mór do shealbhóir oifige an t-athbhreithniú a chur i gcrích gan mhoill. Ba cheart an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama a chinntíonn gur féidir leis an iarrthóir an nós imeachta athbhreithnithe foirmiúil a rochtain laistigh den am sonraithe, más mian leis/léi é sin a dhéanamh.

7.2.3 Ról an athbhreithneora

Nuair a fhaightear iarratas, is é an ról atá ag an athbhreithneoir cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an mbreithníonn sé/sí go raibh an cinneadh bunaidh déanta go hoiriúnach, ar bhonn faisnéis cheart agus de réir nós imeachta doiciméadaithe. Ní hé ról an athbhreithneora foirmiúil athmheasúnú nó athmharcáil a dhéanamh ar an iarrthóir, ach eolas a bhunú, de bhun na faisnéise atá ar fáil, maidir le cibé acu a bhreithnítear:

- Gur leanadh na nósanna imeachta atá sonraithe don phróiseas roghnúcháin i gceart
- Go ndearnadh an cinneadh bunaidh bunaithe ar fhaisnéis cheart agus iomlán
- Go ndearnadh an cinneadh bunaidh go cuí

Ba cheart go mbeadh an t-athbhreithneoir foirmiúil ag feidhmiú go hiomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin. Dá réir sin, níor cheart go mbeadh an t-athbhreithneoir foirmiúil nasctha leis bpróiseas roghnúcháin. Go hiondúil is duine éigin eile ó laistigh den eagraíocht a bheidh ann, lasmuigh den aonad AD/comórtas, a thuigeann an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin agus ceanglais na gcód Cleachtas.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur duine aonair ó lasmuigh den eagraíocht a bheadh san athbhreithneoir foirmiúil. Chun moill i ndáil le hathbhreithneoirí a shainaithint nuair a fhaightear gearáin, molann an Coimisiún go sainaithneofar painéal d'athbhreithneoirí oiriúnacha agus cuícháilithe agus go ndeimhnítear a n-infhaighteacht ag tús gach céim roghnúcháin.

7.2.4 An t-athbhreithniú

Is scrúdú níos mine den fhaisnéis ábhartha ar fad atá ar fáil a bheidh san athbhreithniú foirmiúil. Cé go mbeidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna scrúduithe ó chás go cás, d'fhéadfaí go gcuimseofaí in athbhreithnithe foirmiúla:

- ✓ Comhairliúchán leis an ngearánach
- ✓ Comhairliúchán le baill an bhoird roghnúcháin
- ✓ Comhairliúchán le baill ábhartha den aonad AD
- ✓ Scrúdú ar chomhad earcaíochta an iarrthóra
- ✓ Scrúdú ar na nósanna imeachta atá bunaithe chun tacú leis an bpróiseas

Ba cheart go mbreithneodh an duine nó na daoine atá i mbun an athbhreithnithe fhoirmiúil (“an t-athbhreithneoir” nó “na hathbhreithneoirí”) aon aighneachtaí i scríbhinn déanta ag an iarrthóir, agus gach faisnéis ábhartha eile. Áirítear anseo ríomhphoist, nótaí nó meamraim atá i seilbh an chomhlachta poiblí maidir leis an bpróiseas roghnúcháin.

Más gá, ba cheart don athbhreithneoir dul i gcomhairle le baill foirne an chomhlachta poiblí atá páirteach sa phróiseas roghnúcháin, agus leis an iarrthóir, chun tuilleadh eolais a bhailiú. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad, eiseoidh an t-athbhreithneoir cinneadh maidir leis an athbhreithniú foirmiúil. Déanfaidh an t-athbhreithneoir cinneadh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart seasamh leis an gcinneadh bunaidh.

7.2.5 Toradh a fhógairt

Ní mór fógra maidir le toradh an athbhreithnithe fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de **25 lá oibre** ón iarratas a bheith faighte ag an sealbhóir oifige. Mura mbíonn cinneadh mar thoradh ar an imscrúdú laistigh den am seo, ní mór don athbhreithneoir an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus na cúiseanna a bhí leis an moill.

Ba cheart cinneadh maidir leis an athbhreithniú foirmiúil a eisiúint i scríbhinn agus ba cheart go mbeadh eolas mionsonraithe ag tacú leis lena n-áirítear:

- ✓ An bonn a bhí leis an iarratas athbhreithnithe
- ✓ Conas a cuireadh an próiseas athbhreithnithe i gcrích
- ✓ Caithfear an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur san áireamh
- ✓ An cinneadh foirmiúil
- ✓ An bonn a bhí leis an gcinneadh

Breithneoidh riarthóirí an phróisis roghnúcháin cinneadh an athbhreithneora sa chéad chás. Sa chás gur chinn athbhreithneoir foirmiúil gan seasamh leis an gcinneadh bunaidh, ní mór don aonad AD cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna oiriúnacha eile. Tá

cinneadh an athbhreithneora críochnaitheach agus níl aon chúis bhreise le haghaidh athbhreithnithe ón Sealbhóir Oifige.

7.2.6 Doiciméid

Tá sé riachtanach go mbeadh córais éifeachtacha i bhfeidhm ag sealbhóirí oifige chun freagairt d'iarrais ar athbhreithniú. Ní mór do shealbhóirí oifige taifead iomlán de gach comhfhreagras agus aon doiciméid ábhartha eile a choimeád. Áirítear anseo miontuairiscí cruinnithe, taifid de ríomhphoist agus nótaí maidir le comhráite teileafóin a bhaineann le hiarrthóirí a thagann i láthair le haghaidh aon chineál measúnaithe is cuma má éiríonn leo nó mura n-éiríonn leo.

7.3 Eisiámh ó ghearán eile a dhéanamh faoi rannóg 8

Sa chás go bhfuil athbhreithniú ar phróiseas earcaíochta nó roghnúcháin curtha i gcrích faoi rannóg 7 den Chód Cleachtas seo, ní féidir le gearánach athbhreithniú eile ar an bpróiseas céanna faoi rannóg 8 a iarraidh, seachas sna himthosca is eisceachtúla, a chinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin. Le linn dó tairbhe a bhaint as a lánrogha, breithneoidh an Coimisiún réasúnaíocht an iarrthóra le haghaidh athbhreithniú foirmiúil a lorg ar dtús faoi rannóg 7, seachas gearán a dhéanamh faoi rannóg 8.

8. Gearán a dhéanamh

Nósanna imeachta maidir le gearáin faoi shárúithe ar an gCód Cleachtas

8.1 Eolas ginearálta maidir le gearán a dhéanamh

B'fhéidir go mbeadh iarrthóir den tuairim gur sháraigh comhlacht poiblí an Cód Cleachtas rud ba chúis le dochar a dhéanamh d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Cumasaíonn an próiseas gearán iarrthóirí (nó iarrthóirí poitéinsiúla) chun gearán a dhéanamh leis an sealbhóir oifige sa chéad chás, agus leis an gCoimisiún ina dhiaidh sin má tá sé/sí fós míshásta i ndiaidh achomhairc.

Níl aon dualgas ar an gcomhlacht poiblí próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad is atá gearán á bhreithniú. Tá an Coimisiún ag súil, áfach, go ndéanfaidh an oifig idirghabháil más féidir i gcásanna ina n-aimsíonn sé/sí gur dócha gur tharla earráid.

D'fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh nár chloí comhlacht poiblí leis na caighdeáin atá sonraithe i bprionsabail an Chóid Cleachtas seo. Sa chás seo, féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh, comhairle a thairiscint nó treoir a eisiúint nach mór do shealbhóir oifige a chur san áireamh i rith próiseas ceapacháin amach anseo. **Ní féidir leis an gCoimisiún treoir a thabhairt do chomhlacht poiblí cinneadh a rinneadh i rith próiseas ceapacháin a iompú droim ar ais.**

Ba cheart líomhaintí maidir le sárúithe ar an gCód Cleachtas a chur i scríbhinn, agus laistigh d'amfráma réasúnta, chuig an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos. Ní mór don ghearánach cur síos a dhéanamh ar na fíricí a chreideann sé/sí a léiríonn go raibh an próiseas a leanadh mícheart. Chomh maith leis sin, ní mór don ghearánach an ghné den Chód a shíleann sé/sí atá sárúithe a shainiú. D'fhéadfaí gearán a dhíbhne mura féidir leis an ngearánach tacú lena líomhaintí trí eolas a shonrú maidir le conas nár éirigh leis an sealbhóir oifige prionsabail an Chóid seo a chomhlíonadh.

Mar a tharlaíonn i gcomhthéacs na bpróiseas earcaíochta, agus le réasún, ba cheart do gach duine atá ag déileáil le gearáin nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm.

Glacfaidh an Coimisiún le gearán maidir le sárú líomhnaithe ar an gCód Cleachtas díreach sa chás go bhfuil scrúdú déanta ag sealbhóir oifige air ar dtús agus sa chás go bhfuil an gearánach míshásta le toradh an scrúdaithe sin.

8.2 Nós imeachta chun gearán a dhéanamh

Seo a leanas na caighdeáin agus nósanna imeachta atá le leanúint ag an ngearánach agus ag an gcomhlacht poiblí i ndáil le gearáin fhoirmiúla a bhfuil sárúithe ar an gCód Cleachtais á líomhain acu.

8.2.1 Amfráma

Ní mór gearán foirmiúil a dhéanamh laistigh de **5 lá oibre** ó fhógra a bheith faighte ag an iarrthóir maidir le cinneadh **nó** fógra maidir leis an gcinneadh roghnúcháin nó cinneadh maidir le gearán neamhfhoirmiúil.

Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir leis an gcomhlacht poiblí idirghabháil a dhéanamh má bhreithnítear gur dócha gur tharla earráid i rith an phróisis ceapacháin.

Ba cheart do chomhlacht poiblí admháil i scríbhinn a eisiúint don iarrthóir laistigh de thrí lá oibre ón admháil ar ghearán foirmiúil a fháil.

Tá na hamlínte a leagtar amach as Chód beartaithe mar threoir do chomhlachtaí poiblí. Glacann agus tuigeann an Coimisiún go mb'fhéidir nach bhfuil eagraíochtaí ag feidhmiú de réir na dtréimhsí beachta seo agus féadfaidh sé meicníochtaí agus próisis ghearáin a fhorbairt a oibríonn is fear dá n-iarrthóirí agus dá riachtanais ghnó. Tá an Coimisiún ag, áfach, go mbeidh deis ag gach iarrthóir rochtain thráthúil a fháil ar mheicníochtaí gearán agus ar cheartas nádúrtha.

8.2.2 Sárú an Chóid Cleachtais

Tarlaíonn sárú ar an gCód Cleachtais sa chás go n-aimsítear nár cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích de réir na bprionsabal agus na gcaighdeán atá sonraithe i rannóg 2 den Chód Cleachtais. Ciallaíonn sé seo nár cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích go cothrom.

8.2.3 Gearán

Ba cheart don ghearánach sonraí maidir leis an líomhain a sholáthar agus tacú leis seo le fíricí a chreideann an gearánach a léiríonn conas a raibh an próiseas roghnúcháin éagórach agus an tionchar a bhí ag an éagóir sin air/uirthi.

8.2.4 Ról an scrúdaitheora

Nuair a fhaightear gearán, is é ról an scrúdaitheora cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu, ina t(h)uairim, ar tharla nó nár tharla sárú ar an gCód Cleachtais i rith an phróisis roghnúcháin.

Ba cheart go mbeadh an próiseas gearán ag feidmiú go hiomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin. Dá réir sin, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir nasctha leis bpróiseas roghnúcháin. Go hiondúil is duine éigin eile ó laistigh den eagraíocht a bheidh ann, nach bhfuil nasctha leis an bpróiseas roghnúcháin, a thuigeann an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin agus ceanglais na gCód Cleachtais.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur duine aonair ó lasmuigh den eagraíocht a bheadh sa scrúdaitheoir.

8.2.5 Scrúdú an ghearáin

Is scrúdú níos mine ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil é scrúdú ar ghearán chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu, ina t(h)uairim, ar tharla nó nár tharla sárú ar an gCód Cleachtais i rith an phróisis roghnúcháin.

Breithneoidh an duine nó na daoine (“an scrúdaitheoir” nó “na scrúdaitheoirí”) atá i mbun an scrúdaithe an fhaisnéis ar fad atá ábhartha don ghearán. Cuimsítear anseo aon ríomhphoist, nótaí nó meamraim atá ullmhaithe ag pearsanra aon chomhlachta poiblí, agus aon doiciméid ábhartha atá curtha ar fáil ag an ngearánach.

Ba cheart don scrúdaitheoir dul i gcomhairle le nó bualadh le haon pearsanra de chuid an chomhlachta poiblí atá ábhartha don ghearán, agus don ghearánach, chun tuilleadh faisnéise a bhailiú.

Is scrúdú níos mine den fhaisnéis ábhartha ar fad atá ar fáil a bheidh sa scrúdú ar ghearán. Tá sé riachtanach go mbeadh tuiscint shoiléir ag an scrúdaitheoir ar na prionsabail agus caighdeán atá sonraithe i rannóg 2 de na cóid chleachtais, agus an méid atá i gceist leo seo i gcleachtas.

Nuair a bhíonn líomhaintí aonair á mbreithniú, ba cheart don scrúdaitheoir na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- Cén caighdeán lena mbaineann an líomhain?
- Céard a chiallaíonn an caighdeán?
- Céard iad na gníomhartha ba cheart a bheith curtha i gcrích ag an gcomhlacht poiblí?

- Céard iad na gníomhartha a chuir an comhlacht poiblí i gcrích?
- Céard iad na cosaintí/nósanna imeachta ba cheart a bheith bunaithe ag an gcomhlacht poiblí?
- Céard iad na cosaintí/nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm?

Cé go mbeidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna scrúduithe ó chás go cás, d'fhéadfaí go gcuimseofaí i scrúdú ar ghearán:

- Comhairliúchán leis an ngearánach
- Comhairliúchán le baill an bhoird roghnúcháin
- Comhairliúchán le baill ábhartha den aonad AD
- Scrúdú ar chomhad earcaíochta an iarrthóra
- Scrúdú ar na nósanna imeachta atá bunaithe chun tacú leis an bpróiseas

8.2.6 *Toradh a fhógairt*

Ní mór toradh an scrúdaithe ar ghearáin a chuir in iúl don ghearánach laistigh de **25 lá oibre** i ndiaidh gearán a fháil. **I gcásanna inar gá síneadh a chur leis an amfráma, ní mór don sealbhóir oifige an gearánach a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus na cúiseanna atá leis an moill.**

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, eiseoidh an scrúdaitheoir cinneadh maidir le cé acu ar tharla nó nár tharla sárú an chóid chleachtais. Ba cheart an cinneadh a eisiúint i scríbhinn agus ba cheart go mbeadh eolas mionsonraithe ag tacú leis lena n-áirítear:

- Bonn an ghearáin
- Conas a cuireadh an próiseas scrúdaithe i gcrích
- Caithfear an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur san áireamh
- An cinneadh
- An bonn a bhí leis an gcinneadh

Breithneoidh na daoine atá freagrach as an bpróiseas roghnúcháin an cinneadh ar dtús. Sa chás go gcinneann athbhreithneoir foirmiúil gur sáraíodh an cód, ní mór do na daoine atá freagrach as an bpróiseas roghnúcháin cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna oiriúnacha eile. Ní féidir cinneadh a dhéanamh maidir lena leithéid sin de chéimeanna ach ar bhonn an cháis, ach is dócha go mbeidh próisis roghnúcháin leasaitheacha i gceist lena chinntiú nach dtarlaíonn sárú an athuair.

Ina dhiaidh sin, ba cheart cóip den chinneadh foirmiúil a eisiúint chuig an ngearánach, lena n-áirítear an fhaisnéis bhreise maidir leis na chéad chéimeanna eile, más cuí.

8.2.7 *Cinneadh a achomharc*

Nuair a bhíonn eolas á roinnt leis an ngearánach maidir le toradh próiseas gearán foirmiúil, ba cheart don chomhlacht poiblí a chur in iúl don ghearánach gur féidir leis/léi achomharc a dhéanamh, má tá siad fós míshásta, tríd an gceist a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Féadfaidh an gearánach achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh a rinne an comhlacht poiblí maidir leis an ngearán foirmiúil. Chomh maith leis sin, ní mór don chomhlacht poiblí a shonrú go soiléir nach mór achomharc dá leithéid a dhéanamh i scríbhinn laistigh de **10 lá oibre** i ndiaidh don ghearánach eolas a fháil maidir le toradh an ghearáin.

8.2.8 *Doiciméid*

Táthar ag súil go n-éascóidh comhlachtaí poiblí iarrachtaí an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar shárúithe líomhnaithe ar an gCód Cleachtais. Ní mór dóibh taifead iomlán de gach comhfhreagras a choimeád agus aon doiciméid ábhartha a bhaineann leis an ngearán. Áirítear anseo miontuairiscí cruinnithe, taifid ríomhphost, nótaí maidir le comhráite teiléifóin nó cruinnithe eile, agus na doiciméid ar fad atá á gcur ar fáil ag an ngearánach.

8.3 Achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin

B'fhéidir nach mbeadh iarrthóir sásta leis an gcinneadh atá déanta ag an sealbhóir oifige maidir leis an ngearán foirmiúil. Sa chás seo, cuirtear achomharc faoi bhráid an Choimisiúin chun an cinneadh a athbhreithniú. Seo a leanas na nósanna imeachta agus caighdeáin atá le glacadh ag an gCoimisiún le linn dó déileáil le hachomharc, i ndiaidh gearán a dhéanamh a líomhnaíonn sárúithe ar an gCód Cleachtais.

8.3.1 *Amfráma*

Ní mór achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i ndiaidh gearán a líomhnaíonn sárú ar an gCód Cleachtais, a dhéanamh i scríbhinn laistigh de **10 lá oibre** i ndiaidh fógra a fháil maidir le cinneadh shealbhóir na hoifige maidir leis an ngearán foirmiúil. Cuirfidh an Coimisiún in iúl go bhfuil achomharc an iarrthóra faighte laistigh de thrí lá oibre.

8.3.2 *Achomharc a dhéanamh*

Nuair a bhíonn achomharc á dhéanamh, ba cheart mionsonraí maidir le forais an achomhairc a chur ar fáil. Ba cheart go n-áireofaí anseo fíricí tacaíochta nó doiciméid ábhartha a chreideann an gearánach a léiríonn conas a raibh an próiseas roghnúcháin éagórach agus an tionchar a bhí ag an éagóir sin orthu, agus

- a) a thaispeánn conas a bhí an próiseas roghnóireachta éagórach agus an tionchar a bhí ag an éagothroime sin orthu, agus
- b) sonraí maidir leis an gcúis a gcreideann siad go bhfuil tátail an scrúdaitheora i ndáil lena ngearán éagórach

Chomh maith leis sin, ba cheart don iarrthóir aon doiciméid atá curtha ar fáil dóibh ag an gcomhlacht poiblí i ndáil leis an ngearán bunaidh a sholáthar, agus go háirithe tuarascáil shealbhóir na hoifige i ndáil lena scrúdú ar an ngearán foirmiúil, laistigh den am sonraithe. Tá aon achomharc a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin teoranta do na líomhaintí a rinneadh sa ghearán bunaidh a rinneadh leis an gcomhlacht poiblí. Ní bhreithneofar líomhaintí breise ach sa chás gur féidir leis an ngearánach a léiriú gur eascair siad ó fhaisnéis nua a tháinig chun solais ó rinneadh an gearán bunaidh.

8.3.3 Nósanna imeachta chun achomharc a chur i gcrích

Nuair a fhaightear achomharc bailí, sannfar oifigeach achomhairc ó laistigh de Rúnaíocht an Choimisiúin chun scrúdú a dhéanamh, thar ceann an Choimisiúin, ar na líomhaintí bunaidh mar aon leis an bpróiseas scrúdaithe atá curtha i gcrích ag an gcomhlacht poiblí.

Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh bunaithe ar aon fhaisnéis i scríbhinn atá ar fáil i ndáil leis an gceist, nó bunaithe ar aon aighneachtaí i scríbhinn a fhaigheann sé.

Cuirfidh an t-oifigeach achomhairc scrúdú mionsonraithe i gcrích ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid ábhartha ar fad a bhaineann leis an ngearán. Chun é seo a éascú, ceanglaítear ar an gcomhlacht poiblí aon iarratais ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid a éascú gan mhoill.

Nuair a chuirtear an scrúdú i gcrích, déanfaidh an t-oifigeach achomharc cinneadh, thar ceann an Choimisiúin, maidir le:

- a) ar tharla sárú ar an gCód Cleachtas i rith an phróisis roghnúcháin
- b) ar cheart seasamh leis an gcinneadh a rinne an comhlacht poiblí
- c) aon ghníomhartha atá riachtanach lena chinntiú nach dtarlaíonn sárú arís

I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach achomharc a atreorú go díreach chuig an gCoimisiún chun cinneadh a dhéanamh. Déanfar gach cinneadh achomharc a thuairisciú agus a chur ar fáil don Choimisiún.

8.3.4 Toradh an achomhairc

Cuirfear fógra i scríbhinn maidir le toradh an achomhairc ar fáil don achomharcóir agus don chomhlacht poiblí. Ní féidir amscála beacht a chinneadh maidir le reáchtáil an iniúchta agus cur i gcrích na tuarascála i scríbhinn. Coimeádfaidh an Coimisiún an gearánach agus

sealbhóir na hoifige ar an eolas, áfach, maidir le stádas an athbhreithnithe agus na cúiseanna atá le haon mhoilleanna.

Tá cinneadh an Choimisiúin críochnaitheach. Ní bhreithneoidh an Coimisiún aon chumarsáid eile ó na páirtithe i ngearán i ndáil le ceisteanna atá imscrúdaithe cheana féin, conas a ndearnadh scrúdú orthu nó conas ar thángthas ar na tátail.

8.3.5 Athbhreithniú breithiúnach

Is féidir dúshlán cinntí déanta ag an gCoimisiún a thabhairt trí Athbhreithniú Breithiúnach. Féadfaidh an Coimisiún cibé gníomh a mheasann sé is gá a dhéanamh sa chás go mbreithníonn sé gur teipeadh an Cód Cleachtais a chomhlíonadh, de réir fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. Cuimsítear i ngníomh dá leithéid ceadúnas earcaíochta a chúlghairm, más cuí.

Caithfidh an Coimisiún le gach gearán faoi rún. Ní chuirfidh an Coimisiún sonraí líomhaintí duine aonair nó freagairt do na líomhaintí seo ar fáil do thríú páirtithe. Is féidir, áfach, téamaí coiteanna a thagann chun solais i ngearáin agus cur chuige an Choimisiúin i ndáil le déileáil leo, a fhoilsiú ó am go ham ar bhonn anaithnidithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: www.cpsa.ie.

9. Iompar míréasúnta

9.1 Réamhrá

I rith an phróisis roghnúcháin agus ceapacháin, táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún agus sealbhóirí oifige faisnéis mhionsonraithe ar fáil d'iarrthóir go tráthúil. Ní mór don Choimisiún agus do shealbhóirí oifige caitheamh go béasach le daoine.

Níl an Coimisiún ag súil leis gur cheart méid díréireach ama agus acmhainní a chaitheamh ar dhuine amháin chun freagairt d'iarratas amháin nó do shraith iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh roghnúcháin. Níl an Coimisiún ag súil leis go nglacfaidh sealbhóirí oifige nó comhaltaí foirne dá chuid féin le hiompar atá maslach, ionsaitheach nó bagarthach.

9.2 Cineálacha iompair a nglactar leo mar “iompar míréasúnta”

Seo a leanas na cineálacha iompair a nglacann an Coimisiún seo mar “iompar míréasúnta”:

- **Dianseasmhacht mhíréasúnta** i ndáil le saincheist nó sraith saincheistanna leis an sealbhóir oifige nó leis an gCoimisiún
- **Easpa comhoibrithe mhíréasúnta** i ndáil le gearán a dhéanamh, gearán a bheith á dhéanamh ag an ngearánach, mar shampla
- **Argóintí míréasúnta** a bheith á ndéanamh ag an gcustaiméir
- **Iompar míréasúnta** ón gcustaiméir, lena n-áirítear bagairtí foréigin, mí-úsáid foirne agus iompar drochbhéasach nó ionsaitheach.

9.3 Gníomh a dhéanamh in aghaidh iompar míréasúnta custaiméara

Tuigeann an Coimisiún go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag iompar duine a rangú mar “míréasúnta” ar an duine. Roimh chinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon srianta iarmhartacha le cur i bhfeidhm i ndáil leis an gcustaiméir, ní mór don Choimisiún nó don sealbhóir oifige an méid seo a leanas a chinntiú

- Déileáladh leis an ngearán nó iarratas bunaithe ar athbhreithniú breise go hiomlán agus de réir fhorálacha an Chóid seo.
- Tá aon ghníomh dá leithéid oiriúnach agus comhréireach, ag féachaint do dhéine an iompair i gceist.

9.4 Nós imeachta chun iompar míréasúnta a bhainistiú

Sa chás go mbreithníonn an Coimisiún nó comhlacht poiblí go bhfuil iompar duine míréasúnta, ar dtús ba cheart an chúis a bhfuiltear ag glacadh le hiompar an duine mar

iompar míreasúnta a chur in iúl don duine agus a mholadh don duine an t-iompar sin a athrú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Coimisiún nó comhlacht poiblí tuilleadh coigeartuithe ar a sheirbhís a bhreithniú a chabhróidh leis an duine tuilleadh iompair mhíreasúnta a sheachaint amach anseo.

D'fhéadfaí go n-áireofaí i ngníomh den chineál sin

- A iarraidh ar an duine teagmháil a dhéanamh i bhfoirm ar leith, trí litir amháin, mar shampla
- A éileamh go mbeadh teagmháil á déanamh le comhalta foirne ainmnithe amháin
- Srian a chur le glacadh le glaonna teileafóin ón duine ar laethanta sonracha agus i rith amfrámaí áirithe
- Srian a chur le rochtain ar oifigí eagraíochta
- A iarraidh ar an gcustaiméir páirt a ghlacadh i gcomhaontú maidir lena (h)iompar amach anseo
- Diúltú leanúint le gearán nó iarratas ar athbhreithniú
- Deireadh a chur leis an teagmháil leis an ngearánach.

Ní mór an cinneadh srian a chur le rochtain a dhéanamh ag leibhéal sinsearach oiriúnach, go mbeadh an cinneadh doiciméadaithe ina iomláine agus déanta le cead an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, Ard-Rúnaí nó sealbhóir oifige coibhéiseach san eagraíocht.

Cuirfidh an Coimisiún nó sealbhóir oifige eolas ar fáil don chustaiméir i scríbhinn maidir leis an gcúis a bhfuiltear ag glacadh lena (h)iompar mar iompar míreasúnta, agus sonrúfar an réim ghnímh atá beartaithe.

9.5 Ceart achomhairc

Féadfaidh custaiméirí atá míshásta leis an gcaoi ar chuir sealbhóir oifige an beartas maidir le hiompar míreasúnta i bhfeidhm an cheist a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú faoi Rannóg 8 den Chód seo.

10. Freagracht Aireachta

Tá an t-aire rialtais ábhartha freagrach as gach ceist a bhaineann le hearcaíocht. Cuimsítear anseo critéir cháilitheachta, téarmaí agus coinníollacha agus úsáid nó eolas ar an nGaeilge.

Aguisíní

Aguisín A - Poist eisiata

Níl an Cód Cleachtas seo infheidhme i ndáil le roinnt post, lena n-áirítear

- Ceapacháin i bpoist arna mbunú faoi Bhunreacht na hÉireann.
- Ceapacháin i bpoist atá curtha san áireamh sa sainmhíniú ar “sealbhóir oifige” i Rannóg 2 d’Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, is é sin
 - Airí Rialtais agus Stáit
 - An tArd-Aighne
 - Cathaoirligh nó Leas-Chathaoirligh Dháil Éireann agus Sheanad Éireann
 - Cathaoirligh Choistí ceachtar de Theach an Oireachtas
 - Cathaoirligh Choistí Chomhchoistí de dhá Theach an Oireachtas
 - Ceapacháin uachtaránachta
 - Ceapacháin Rialtais
 - Oifigeach Thithe an Oireachtas
 - Comhairleoir Speisialta, laistigh de bhrí Alt 19 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995
 - Poist sealadach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail
 - Poist ainmnithe mar shlí bheatha sceidealta faoin Acht.

Aguisín B - Sainmhíniú ar téarmaí

Sa Chód Cleachtais seo, tá sainmhínte sonracha luaite le téarmaí áirithe mar seo a leanas. Ciallaíonn **'An tAcht'** an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Seachas sa chás go n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:

Ciallaíonn **'Ceapachán'** roghnú agus fostú duine i bpost laistigh de na heagraíochtaí atá faoi réir údarás agus raon an Choimisiúin.

Ciallaíonn **'Coimisiún'** an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Ciallaíonn **'Sealbhóir ceadúnais'** duine a bhfuil ceadúnas earcaíochta bronnta air/uirthi.

Ciallaíonn **'Aire'** an t-aire rialtais ábhartha mar atá sonraithe in Alt 58 den Acht.

Ciallaíonn **'Sealbhóir Oifige'** ceann roinne, oifige, comhlachta nó eagraíochta.

Ba é an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a d'ullmhaigh an Cód Cleachtais seo de réir fhorálacha Alt 23 agus Alt 24 d'Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Féadfaidh an Coimisiún an Cód Cleachtais seo a chúlghairm nó a leasú de réir mar a oireann dó.

Féadfaidh an Coimisiún cibé gníomh a shíleann sé atá riachtanach a dhéanamh sa chás go gcreideann sé gur teipeadh téarmaí an Chóid Cleachtais seo a chomhlíonadh.

Foilsithe in 2021 ag

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

6 Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2, D02 HE97

Teil: (01) 639 5750

Ríomhphost: info@cpsa.ie

Gréasán: www.cpsa.ie